Oifig an
Rialaitheora Pleanála
Office of the
Planning Regulator







# Tuarascáil Bhliantúil
## 2022

Oifig an Rialaitheora Pleanála | **Tuarascáil Bhliantúil 2022**

**Oifig an Rialaitheora Pleanála**
Office of the Planning Regulator



Chathair Chorcaí

Oifig an Rialaitheora Pleanála | **Tuarascáil Bhliantúil 2022**



Bealach Glas an Iarthair, Co Mhaigh Eo

# Dearbhú

Déantar an Tuarascáil Bhliantúil seo don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 don Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ('an tAire') agus do Thithe an Oireachtais de réir alt 31AH den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú. ('an tAcht').

# Clár


**Liosta Acrainmneacha** 8

**2022: Sracfhéachaint** 9

**Réamhrá ón Rialaitheoir Pleanála** 10

**1 Cad a Dhéanaimid** 13

1.1 Ár bhFreagrachtaí Reachtúla 14

1.2 Ár Struchtúr 16

1.3 Ár Straitéis 17

**2 Meastóireacht agus Measúnú ar Phleananna Reachtúla** 19

2.1 Fógra faoi Chomhairliúcháin ar Phleananna Reachtúla 21

2.2 Aighneachtaí OPR faoi Phleananna Reachtúla 21

2.3 Forbhreathnú ar Mholtaí agus Tuairimí OPR 24

2.4 Moltaí agus Tuairimí OPR – Catagóirí Reachtaíochta 25

2.5 Moltaí OPR – Forbhreathnú Téamach 27

2.6 Pleananna a Glacadh: Torthaí Mholtaí OPR 29

2.7 Treoracha 31

2.8 Síneadh ar Phróiseas Athbhreithnithe an Phlean Forbartha 37

2.9 Bainistíocht Sonraí Spásúla 38

2.10 Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara ar Mheastóireachtaí Pleananna 39

**3. Athbhreithnithe agus Scrúduithe Pleanála 41**

3.1 Clár Athbhreithnithe 42

3.2 Láimhseáil Cásanna 48

3.3 Cás-Staidéir: Gearáin a d'fhiosraigh OPR 56

**4. Oideachas, Oiliúint, Taighde agus Feasacht an Phobail 60**

4.1 Oideachas agus Oiliúint 61

4.2 Taighde 65

4.3 Feasacht an Phobail 68

**5 Gnóthaí Corparáideacha 70**

5.1 Rialachas 71

5.2 Ag leanúint ar aghaidh le Forbairt na hEagraíochta 74

5.3 Faisnéis Airgeadais 78

**Faisnéis maidir leis an bhFoireann 80**



# Liosta Acrainmneacha

**ABP:** An Bord Pleanála

**AILG:** AILG: Cumann Rialtas Áitiúil na hÉireann

**CCMA:** Cumann Bainistíochta Contae agus Cathrach

**CSP:** Páipéar Cás-Staidéir

**DHLGH:** An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

**EMRA:** Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár na Tíre

**EMT:** Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin

**EPA:** An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

**GIS:** Córas Faisnéise Geografaí

**LAP:** Plean Ceantair Áitiúil

**LGMA:** Gníomhaireacht Bainistíochta an Rialtais Áitiúil

**LRD:** Forbairt Chónaithe Mhórscála

**NGO:** Eagraíocht Neamhrialtasach

**NWRA:** Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair

**NTA:** An tÚdarás Náisiúnta Iompair

**NPF:** Creat Pleanála Náisiúnta

**OPR:** Oifig an Rialaitheora Pleanála

**OPW:** Oifig na nOibreacha Poiblí

**RSES:** An Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch

**SEA:** Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta

**SHD:** Forbairt Straitéiseach Tithíochta

**SRA:** Tionól Réigiúnach an Deiscirt

**SPPR:** Riachtanais Beartais Pleanála Straitéisí

**An tAcht:** An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú

**An tAire:** An tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

# 2022: Sracfhéachaint

Rinneadh measúnú ar
**55**
chéim de phleananna reachtúla na n-údarás áitiúil agus ullmhaíodh aighneachtaí

Eisíodh
**207**
moladh

Eisíodh
**85**
tuairim

**12**
mholadh don Aire maidir le dréacht-treoracha molta

**750**
Líne faoi leith de chomhfhreagras a bhaineann le cás

D'fhreastail
**170**
comhalta tofa d'údaráis áitiúla ar dhá imeacht oiliúna go pearsanta

Chláraigh
**695**
ball foirne d'údaráis áitiúla agus de thionóil réigiúnacha le haghaidh an tseimineáir gréasáin oiliúna maidir le Socruithe maidir le Forbairtí Cónaithe Mórscála (LRD)

Foilsíodh
**2**
thuarascáil athbhreithnithe maidir leis an mBord Pleanála

Fuarthas
**127**
gearán maidir le cúrsaí pleanála

Osclaíodh
**250**
cás maidir le saincheisteanna pleanála a d'ardaigh an pobal



# Réamhrá ón Rialaitheoir Pleanála

**Niall Cussen,** Rialaitheoir Pleanála

**Go raibh maith agat as an am a ghlacadh chun an tuarascáil bhliantúil seo ar obair Oifig an Rialaitheora Pleanála (OPR) in 2022 a léamh. Tá súil agam go mbeidh sí spéisiúil agus cabhrach duit.**

Mar a bhí amhlaidh in 2021, i ndiaidh na tuarascála níos moille sa bhliain beidh forbhreathnú agus anailís ann ar phríomhstaitisticí agus táscairí pleanála.

Ba chéim mhór é deireadh a bheith curtha le srianta sláinte i dtús 2022, a chuaigh chun tairbhe d'fheidhmiú phróiseas pleanála na hÉireann. Cé go bhfuil tionchar buan ag an méid a foghlaimíodh ón bpaindéim ar an gcaoi a n-oibrímid agus a mairimid, agus ar an tábhacht a chuirimid ar cháilíocht ár dtimpeallachta áitiúla, ba bhliain í 2022 ina raibh na dúshláin ag teacht gan stad. Maidir le riachtanais fhásmhara maidir le geilleagar atá ag dul i neart arís, inimircigh agus teifigh ag plódú isteach, agus ar ndóigh na dúshláin reatha a bhaineann le tithíocht, aeráid agus bithéagsúlacht.

Bliain ba ea í freisin ina raibh aitheantas ag méadú maidir leis na brúnna atá ar an gcóras pleanála, ach ba bhliain í freisin ina raibh aitheantas ar an bpríomhról is féidir leis a imirt maidir le cabhrú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin go léir thuas. Bhí na struis a chuireann an t-ualach seo ar chomhlachtaí pleanála agus an gá le córais éifeachtacha le haghaidh rialachais agus cinnteoireachta an-soiléir i gcomhthéacs na ndeacrachtaí ar thug an Bord Pleanála (ABP) aghaidh orthu, a d'éiligh athbhreithniú dírithe ón OPR agus clár athchóirithe dá thoradh.

Ba é seo an bhliain inar foilsíodh, de thoradh ar athbhreithniú cuimsitheach an Rialtais ar an gcód pleanála a bhí 20 bliain d'aois, an Bille um Pleanáil agus Forbairt, 2022. Méadóidh an creat reachtaíochta athnuaite atáthar á bheartú, in éineacht le straitéisí pleanála agus pleananna forbartha comhtháite náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla agus comhlíonadh an ghealltanais acmhainní a chur ar fáil dár seirbhís pleanála, méadóidh siad an cumas lena chinntiú go seachadfar oiliúint chuí agus forbairt inbhuanaithe do shaoránaigh agus do phobail.

## Maoirseacht ar Phleananna Forbartha na nÚdarás Áitiúil

Ceann dár bpríomhchúraim is ea maoirseacht neamhspleách a dhéanamh ar an gcaoi a dtagann na 31 plean forbartha le chéile agus freagairt ar chuspóirí náisiúnta agus réigiúnacha níos leithne a shocraíonn an Rialtas. Díríonn cuspóirí ár gcuid oibre ina leith sin ar shraoilleáil uirbeach a sheachaint, tacú le soláthar tráthúil agus comhordaithe bonneagair fhisiciúil agus pobail agus forbairt a sheachaint i gceantair atá i mbaol tuilte.

Bliain ghnóthach a bhí sa bhliain seo caite, le hathbhreithnithe ar mhórán pleananna cathrach agus contae. Ghlac níos mó ná leath de na húdaráis áitiúla go léir páirt in athbhreithnithe ar a gcuid pleananna. Chuireamar 55 aighneacht chuig údaráis áitiúla in 2022, suas ó 46 in 2021.

Bhí 207 moladh i gceist leis seo, agus 85 tuairim a lorg feabhsuithe ar phleananna maidir le patrúin forbartha níos inbhuanaithe a bhaint amach. Thug ár n-ionchuir aghaidh ar chúiseanna agus tionchair araon an athraithe aeráide i réimsí amhail acmhainní fuinnimh in-athnuaite ar an gcladach agus tailte atá i mbaol tuilte a chosaint.

As na 23 plean a rinne údaráis áitiúla, thug 11 acu aghaidh ar ár moltaí go sásúil. Ar an drochuair, theip ar 12 acu aghaidh a thabhairt ar na moltaí go léir. Mar thoradh air sin, d'eisíomar moltaí don Aire a chumhachtaí reachtaíochta a úsáid chun na húdaráis áitiúla ábhartha a threorú chun ár moltaí a chur i gcrích. I ngach cás, chomhaontaigh an tAire lenár moltaí agus d'eisigh sé treoracha.

Agus sinn ag measúnú pleananna forbartha údarás áitiúil, éistimid go cúramach leis na hargóintí sin ar minic a léiríonn siad eolas áitiúil agus saincheisteanna áitiúla, ag léiriú meas ar an bpróiseas daonlathach áitiúil, ach ag cuimhneamh freisin ar ár ndualgais dhlíthiúla seasamh le haidhmeanna pleanála straitéiseacha. Nuair a chuireann údaráis áitiúla moltaí maithe chun cinn chun ceanglais straitéiseacha a chomhlíonadh a d'fhéadfadh roghanna réasúnta eile a chur ar fáil seachas ár gcuid moltaí, is minic a bhímid sásta glacadh leo sin.

Sa chás nach bhfuil na pleananna comhsheasmhach leis na cuspóirí agus na beartais phleanála níos leithne atá leagtha amach ag an Rialtas ar mhaithe lenár leasanna uile, is é an ról atá againn ansin a chinntiú go bhfuil an próiseas pleanála comhsheasmhach.

## Maoirseacht a dhéanamh ar Fheidhmíocht Comhlachtaí Poiblí

Leanamar de bheith ag cur i bhfeidhm chlár athbhreithnithe na n-údarás áitiúil le linn na bliana le cur i gcrích an cheathrú athbhreithniú sa chéim phíolótach agus tús curtha ina dhiaidh sin le dhá athbhreithniú eile.

Cuireann ár gcur chuige agus sinn ag déanamh athbhreithnithe den sórt sin béim ar sheirbhísí a fheabhsú chomh maith le malartú foghlama agus eolais.

Príomhthéama ar fud chéim phíolótach an chláir ba ea an gá cumas údarás áitiúil a neartú, go háirithe i bpleanáil agus forfheidhmiú chun cinn, trí acmhainní feabhsaithe, córais dhigiteacha níos fearr agus breis oiliúna agus forbairt foirne.

Mar sin féin, thosaigh ár n-athbhreithnithe ag díriú ar ábhair imní phoiblí faoi nithe áirithe ag ABP le linn na bliana. Agus ár ról maidir le muinín a chinntiú sa phróiseas pleanála san áireamh, chuireamar tús le hathbhreithniú ar ABP le béim ar stóinseacht agus éifeachtacht na gcleachtas cinnteoireachta agus eagrú socruithe oibre agus rialachais a fheabhsú.

Bhí de thoradh ar an bpróiseas dian seo dhá thuarascáil faoi leith a fhoilsiú ina bhfuil 34 moladh comhcheangailte atá dírithe ar nósanna imeachta a neartú, muinín an phobail a thabhairt ar ais in ABP agus éifeachtacht an chórais pleanála iomláin a chinntiú. Tá na moltaí seo go léir ag céimeanna éagsúla cur i bhfeidhm, thar aon ní eile trí phlean gníomhaíochta a fhoilsiú ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (DHLGH) maidir le hathchóiriú ABP.

Bhí bliain an-ghnóthach againn freisin ag dul i dteagmháil leis an bpobal maidir lena n-ábhair imní faoin gcóras pleanála, lena n-áirítear gearáin faoi údaráis áitiúla. Cuireann ár ról ina leith seo ar fáil dúinn idirphlé an-tábhachtach leis an bpobal agus cumas chun nithe ar ábhair imní ag an leibhéal áitiúil iad a thuiscint. Is léiriú ar an méid oibre atá i gceist é an fhíric, cé gur oscail OPR 250 comhad cáis in 2022, rinneamar maoirseacht ar thimpeall 750 líne faoi leith chomhfhreagrais maidir leis na cásanna seo.

## Taighde, Oiliúint agus Feasacht an Phobail

Ar feadh 2022, sheachaid an OPR, i gcomhar le hAontas Rialtas Áitiúil na hÉireann (AILG) ceithre imeacht oiliúna pleanála do chomhaltaí tofa. Chomh maith leis sin, seachadadh trí imeacht oiliúna pleanála ar líne do bhaill foirne údarás áitiúil agus tionól réigiúnach.

D'ullmhaíomar agus d'fhoilsíomar freisin roinnt Páipéar Cás-Staidéir agus Nóta Cleachtais ar chur chuige comhsheasmhach go náisiúnta maidir le coinníollacha pleanála caighdeánacha a dhréachtú.

Craoladh trí chlár den tsraith mhóréilimh RTÉ, Eco Eye, arna léiriú ag Earth Horizon Productions Ltd le hurraíocht ón OPR, ar theilifís RTÉ 1 i mí Eanáir/Feabhra 2022. Chlúdaigh na cláir saincheisteanna lena n-áirítear tús áite do lár an bhaile, dearóiliú agus deisiú na sraoilleála uirbí.

## Feidhmiú Corparáideach

I rith 2022, bhí cur i bhfeidhm leanúnach rialachais láidir agus creataí eiticiúla i gcónaí ar cheann de na príomhthosaíochtaí dár n-eagraíocht.

Tar éis srianta sláinte poiblí a mhaolú go luath in 2022, cuireadh oibriú cumaisc i bhfeidhm san OPR, ag cur ar fáil níos mó solúbthachta agus cothromaíocht fheabhsaithe oibre agus saoil don fhoireann, agus ag an am céanna ag cur ar ár gcumas seirbhísí ar ardchaighdeán a sheachadadh don phobal. Ceann de na príomhréimsí fócais chorparáidigh ba ea plean straitéiseach lucht saothair a fhorbairt chun tacú le seachadadh éifeachtach leanúnach ár bhfeidhmeanna reachtúla agus corparáideacha. Táimid sna chéad chéimeanna de chur i bhfeidhm an phlean le tacaíocht DHLGH.

## Conclúidí

Cé gur thosaigh 2022 le nithe dearfacha, is é sin deireadh le srianta a bhain leis an bpaindéim, bliain a bhí ann freisin inarbh éigean dul i ngleic le hábhair imní shuntasacha an phobail maidir leis an gcóras pleanála trí obair an OPR.

Le tiomantas athnuaite an Rialtais i leith tabhairt faoi ábhair imní den sórt sin trí athchóiriú reachtaíochta, forbairt leanúnach beartais agus infheistíocht acmhainne, ní hamháin in ABP ach ar fud na hearnála pleanála go léir, is féidir leis an bpobal a bheith ag súil le próiseas pleanála feabhsaithe a chuireann ar fáil soiléireacht, cinnteacht agus muinín maidir lena ról a imirt maidir le dul i ngleic le mórán dúshlán a dtugtar fúthu.

Ar deireadh, gabhaim buíochas leis an Rialtas, an tAire Darragh O'Brien TD agus an t-iar-Aire Stáit, Peter Burke TD agus an tAire Reatha Stáit, Kieran O'Donnell TD araon, agus a bhfoireann go léir ag an DHLGH, nárbh fhéidir leis an OPR a obair thábhachtach a dhéanamh dá n-uireasa maidir le próiseas pleanála na hÉireann agus muinín an phobail sa phróiseas sin a fheabhsú.



**Niall Cussen**
*Rialaitheoir Pleanála*

# 1 Cad a Dhéanaimid

- Ár bhFreagrachtaí
- Luachanna
- Páirtithe Leasmhara
- Spriocanna



Feirm Ghaoithe Cheann an Chairn, Co Loch Garman

**Bunaíodh an OPR go foirmiúil i mí Aibreáin 2019 de bhun moltaí a rinne an Binse Fiosrúcháin ar Chúrsaí agus Íocaíochtaí Áirithe Pleanála (Binse Mahon).**

Ceann de phríomh-mholtaí Bhinse Mahon ba ea Rialaitheoir Pleanála neamhspleách a cheapadh, a mbeadh an chumhacht acu maoirseacht a dhéanamh ar an gcóras pleanála in Éirinn.

Cé nach comhlacht cinnteoireachta é, is é ról an OPR a chinntiú go dtacaíonn údaráis áitiúla agus ABP le polasaí an Rialtais agus ceanglais reachtúla agus iad ag cur beartas pleanála agus ceanglais reachtúla i bhfeidhm.

Cuimsíonn ról an OPR freisin forbairt agus cur i bhfeidhm clár cuimsitheach taighde pleanála, oiliúna agus feasachta poiblí chun rannpháirtíocht an phobail sa phróiseas pleanála a chur chun cinn agus chun cur le heolas an phobail faoin bpleanáil in Éirinn.

## 1.1 Ár bhFreagrachtaí Reachtúla

Tugann an tAcht bonn reachtúil don OPR chun trí phríomhfheidhm a chomhlíonadh:

### i. Meastóireacht ar Phleananna Reachtúla

De réir ailt 31AM agus 31AO den Acht, tá OPR freagrach as measúnú neamhspleách a dhéanamh ar gach réamhphleanáil reachtúil d'fhonn a chinntiú go ndéantar foráil sa phlean do phleanáil chuí agus d'fhorbairt inbhuanaithe an cheantair lena mbaineann.

Áirítear leis seo measúnú a dhéanamh ar phleananna forbartha cathracha agus contae, pleananna ceantair áitiúil (LAPanna) agus athruithe/leasuithe ar na pleananna seo.

Ar an gcéad dul síos, tugann OPR tuairimí agus/nó moltaí don údarás áitiúil ábhartha maidir le conas ba cheart do phlean aghaidh a thabhairt ar chúrsaí reachtaíochta agus beartais.

Nuair a bheidh ionchuir reachtúla curtha ar fáil ag an OPR don phróiseas déanta plean, ní mór don údarás áitiúil ábhartha a leagan amach conas a thabharfar aghaidh ar ionchuir den sórt sin, agus pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair á gcur san áireamh.

Mura bhfuil plean a glacadh ag teacht le haon mholtaí reachtúla ina dhiaidh sin, d'fhéadfadh OPR fógra a eisiúint chuig an Aire ag moladh go n-úsáidfí cumhachtaí treorach, a shonraítear faoi alt 31 den Acht, chun iallach a chur ar an údarás pleanála aghaidh a thabhairt ar an gceist.

### ii. Athbhreithnithe agus Scrúduithe Pleanála

De réir ailt 31AS agus 31AT den Acht, féadfaidh an OPR athbhreithniú a dhéanamh ar na córais agus na nósanna imeachta a úsáideann údaráis phleanála, lena n-áirítear ABP, i bhfeidhmiú aon cheann nó gach ceann dá bhfeidhmeanna pleanála d'fhonn moltaí neamhspleácha, bunaithe ar fhianaise a dhéanamh chuig údaráis phleanála agus chuig an Aire más gá.

Faoi alt 31AU den Acht, féadfaidh an OPR gearáin a fháil agus a scrúdú ón bpobal, nó má iarrann an tAire é, faoi údarás pleanála i gcás ina mbaineann an gearán le heagrú an údaráis pleanála agus leis na córais agus nósanna imeachta a úsáideann sé i ndáil le comhlíonadh a fheidhmeanna faoin Acht.

### iii. Oideachas, Oiliúint agus Taighde

De réir alt 31Q den Acht, tá an OPR freagrach as taighde, oideachas agus oiliúint náisiúnta a thiomáint chun aird a tharraingt ar ról agus ar thairbhe na dea-phleanála. Cuirimid cláir oideachais agus oiliúna ar fáil do chomhaltaí tofa agus d'fhoireann na n-údarás áitiúil agus na dtionól réigiúnach araon.

Cuidíonn an fheidhm oideachais, oiliúna agus taighde uasmhéadú a dhéanamh ar aistriú eolais idir na 31 údarás áitiúil, trí thionól réigiúnacha, ABP agus páirtithe leasmhara níos leithne amhail comhlachtaí gairmiúla agus grúpaí sainleasa agus, ar an gcaoi sin, uasmhéadaítear éifeachtúlacht, éifeachtacht agus comhsheasmhacht ar fud an chórais pleanála.

**01** Meastóireacht ar Phleananna Reachtúla

**02** Athbhreithnithe agus Scrúduithe Pleanála

**03** Oideachas, Oiliúint agus Taighde

**Fíor 1** | Trí Phríomhfheidhm OPR



Na Cealla Beaga, Co Dhún na nGall

## 1.2 Ár Struchtúr

Tá an OPR struchtúrtha i gceithre fhoireann, ag teacht leis na trí fheidhm reachtúla.




**Fíor 2** | Struchtúr Corparáideach agus Mapa Feidhmeanna OPR

## 1.3 Ár Straitéis

Foilsíodh Ráiteas Straitéise OPR 2019-2024 an 2 Deireadh Fómhair 2019, de réir alt 31T den Acht, tar éis comhairliúchán poiblí.

Leagann an straitéis amach na spriocanna ardleibhéil, gníomhaíochtaí agus garspriocanna atá ag teastáil chun feidhmeanna reachtúla an OPR a sheachadadh. Tá an straitéis ar fáil ar shuíomh gréasáin an OPR.[1]

### Fís

Is é fís an OPR, faoi dheireadh thréimhse an Ráitis Straitéise, go mbeidh an OPR in ann an méid seo a rá:

*"Baineann Éire leas as ordlathas pleanála dea-chomhordaithe agus go bhfuil clár oideachais, oiliúna agus taighde ar chúrsaí pleanála atá leathan, éifeachtach agus a bhfuil glacadh maith curtha leis curtha i bhfeidhm agus go gcruthófar cultúr feabhsúcháin leanúnaigh in údaráis phleanála arna dtiomáint trí athbhreithnithe rialta ar a bhfeidhmíocht."*

### Luachanna

Aithníonn an straitéis cúig phríomhluach an OPR mar:

1. Neamhspleáchas;
2. Gairmiúlacht;
3. Trédhearcacht;
4. Rannpháirtíocht; agus
5. Fócas ar Chustaiméirí.




**Fíor 3** | Luachanna OPR

[1] www.opr.ie/wp-content/uploads/2019/10/20191002-OPR-Strategy-Statement-Final-Text.pdf

## Príomhpháirtithe Leasmhara

Aithnítear sa straitéis nach mór don OPR oibriú le go leor páirtithe leasmhara sa phróiseas pleanála agus a gcuid ionchur a chur san áireamh, ag léiriú leasanna na ndreamanna seo a leanas:

- An pobal;
- An tAire;
- Údaráis phleanála, ABP, tionóil réigiúnacha, agus an Cumann Bainistíochta Contae agus Cathrach (CCMA);
- Comhlachtaí gaolmhara rialála agus maoirseachta a bhfuil sainordú acu sa réimse pleanála;
- An tOireachtas;
- Comhaltaí tofa na n-údarás áitiúil;
- Gníomhaireachtaí stáit agus comhairlithe eile a bhfuil sainchúram reachtúil orthu sa phróiseas pleanála;
- Comhlachtaí tráchtála agus Státurraithe a bhfuil baint acu le bonneagar straitéiseach a sheachadadh;
- Comhlachtaí gairmiúla agus grúpaí sainleasa;
- Earnáil na nInstitiúidí Ardoideachais; agus
- Tráchtairí saineolaithe agus na meáin.

## Spriocanna

Sainaithnítear sa straitéis freisin cúig phríomhsprioc agus gníomhartha seachadta comhfhreagracha don OPR thar thréimhse an Ráitis Straitéise.

**Sprioc 1:** Dea-cháil mar ghuth cothrom neamhspleách maidir le héifeachtúlacht phróiseas pleanála na hÉireann a chothú.

**Sprioc 2:** An nuálaíocht agus an fhoghlaim a chur chun cinn dóibh siúd ar fad atá ina bpáirtithe leasmhara maidir leis an bpróiseas pleanála.

**Sprioc 3:** Díriú ar riachtanais an chustaiméara agus na ndreamanna a mbíonn an OPR i dteagmháil leo.

**Sprioc 4:** Eagraíocht éifeachtach ardfheidhmiúcháin a chruthú a threisíonn agus a fheabhsaíonn próiseas pleanála na hÉireann.

**Sprioc 5:** Eagraíocht sheasmhach shofhreagrúil a chruthú atá tugtha don fhoghlaim leanúnach.




**Fíor 4** | Príomhpháirtithe Leasmhara OPR

# 2 Meastóireacht agus Measúnú ar Phleananna Reachtúla

- Aighneachtaí faoi Phleananna Reachtúla
- Moltaí agus Tuairimí
- Pleananna a Glacadh agus Dréacht-Treoracha
- Bainistíocht Sonraí Spásúla
- Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara





Eas Chúirt an Phaoraigh, Co Chill Mhantáin

**De réir ailt 31AM agus 31AO den Acht, tá freagracht ar an OPR as measúnú neamhspleách a dhéanamh ar gach plean reachtúil d'fhonn a chinntiú go ndéantar foráil sa phlean do phleanáil chuí agus d'fhorbairt inbhuanaithe an cheantair[2].**

Cinntíonn na measúnuithe seo go bhfuil beartais rialtais ábhartha á gcur i bhfeidhm agus go léirítear saincheisteanna mar athbheochan uirbeach, criosú talún, iompar, tithíocht, fostaíocht, athrú aeráide agus inbhuanaitheacht lár an bhaile sna pleananna forbartha. Ciallaíonn sé seo gur féidir lenár gcathracha, ár mbailte agus ár sráidbhailte forbairt ar bhealach inbhuanaithe agus a bheith ina n-áiteanna bríomhara le maireachtáil agus le hoibriú iontu.

Tá dhá chineál plean a ndéanann an OPR measúnú orthu; **pleananna forbartha cathrach/contae,** a leagann amach an chroístraitéis fhoriomlán agus sainchuspóirí maidir le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe na cathrach nó an chontae, agus **pleananna ceantair áitiúil (LAPanna),** a sholáthraíonn creatlach bheartais phleanála atá níos mionsonraithe agus atá dírithe go háitiúil.

Tá trí phríomhchéim sa phróiseas déanta plean, ina ndéanfaidh an OPR measúnú ar dhoiciméid an phlean, ullmhóidh sé aighneacht agus féadfaidh sé moltaí nó tuairimí a thabhairt.

Is iad sin:

- **Céim an pháipéir saincheisteanna:** tarlaíonn sé roimh dhréachtú an phlean forbartha, agus cuidíonn sé eolas a chur ar fáil d'ullmhú an dréachtphlean. Téitear i gcomhairle leis an bpobal maidir leis an bplean réamhdhréachta (páipéar saincheisteanna)[3];
- **Céim an dréachtphlean:** ullmhaítear an dréachtphlean don chathair, don chontae nó don cheantar áitiúil cuí le haghaidh comhairliúchán poiblí; agus
- **Céim na n-athruithe ábhartha:** tarlaíonn sé nuair a roghnaíonn comhaltaí tofa an dréachtphlean a leasú. Bíonn comhairliúchán poiblí ar na hathruithe ábhartha.

Tá gach aighneacht a dhéanann an OPR chuig údaráis áitiúla ar fáil ar shuíomh gréasáin OPR.

Déanann an OPR athbhreithniú freisin ar an bplean mar a ghlac údaráis áitiúla leis agus breithníonn sé ar tugadh aghaidh go sásúil ar na moltaí a rinneadh ag na céimeanna roimhe seo (dréachtphlean agus/nó athruithe ábhartha) sa phlean glactha. Sa chás nach bhfuiltear tar éis aghaidh a thabhairt go sásúil ar mholadh, breithneoidh an OPR ar soláthraíodh réasúnaíocht réasúnach.

I gcás ina measann an OPR go bhfuil an plean ar neamhréir lena moltaí go bhfuil ag teip air straitéis iomlán a leagan amach le haghaidh pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair, féadfaidh an OPR moladh le haghaidh dréacht-treorach a mholadh don Aire. De rogha air sin, eisíonn an OPR litir admhála glactha chuig an údarás áitiúil. Tá an comhfhreagras seo ar fáil ar shuíomh gréasáin OPR.

Ina theannta sin, ní mór don OPR aon athruithe molta ar phleananna forbartha cathrach/contae atá ann cheana, nó leasuithe ar LAPanna a mheas.

---

[2] Tá gach aighneacht OPR a eisítear chuig údaráis áitiúla faoi ailt 31AM agus 31AO den Acht ar fáil ag: www.opr.ie/evaluation- of-statutory-plans/

[3] Ní thugann an OPR moltaí nó tuairimí ar pháipéir saincheisteanna.

## 2.1 Fógra faoi Chomhairliúcháin ar Phleananna Reachtúla

In 2022, osclaíodh 52 comhairliúchán ar phleananna reachtúla le haghaidh comhairliúchán poiblí. Tugann Tábla 1 miondealú ar na comhairliúcháin ar phleananna reachtúla a fógraíodh in 2022, de réir cineál plean agus céime.

Bhain an líon ba mhó fógraí faoi chomhairliúcháin in 2022 le hathruithe ábhartha ar dhréachtphleananna cathrach/contae le 20 fógra plean san iomlán ag an gcéim seo d'athbhreithniú, arb ionann é agus 38% de gach fógra.

**Tábla 1** | Fógra faoi Chomhairliúcháin ar Phleananna Reachtúla in 2022

| | Pleananna Forbartha Cathrach/Contae | Pleananna Ceantair Áitiúil |
|---|---|---|
| **Páipéar Saincheisteanna** | 1 | 14 |
| **Dréachtphlean** | 4 | 6 |
| **Athruithe Ábhartha ar Dhréachtphlean** | 20 | 2 |
| **Athruithe ar Phlean Forbartha Cathrach/Contae** | 4 | N/A |
| **Leasú ar Phlean Ceantair Áitiúil** | N/A | 1 |
| **Iomlán** | **29** | **23** |

## 2.2 Aighneachtaí OPR faoi Phleananna Reachtúla

Féadfaidh moltaí agus/nó tuairimí a bheith san áireamh in aighneachtaí OPR chuig údaráis áitiúla ag céim an dréachtphlean agus/nó na n-athruithe ábhartha. Mar gheall ar chineál ardleibhéil na bpáipéar saincheisteanna, ní dhéanann an OPR tuairimí ná moltaí foirmiúla. Cuirtear comhairle straitéiseach ar pháipéar saincheisteanna agus/nó treoir ar fáil ina ionad sin.

Baineann moltaí arna n-eisiúint ag an OPR le sáruithe soiléire ar:

- Forálacha reachtaíochta ábhartha;
- An creat beartais náisiúnta nó réigiúnach; agus/nó
- Beartas an Rialtais, mar atá leagtha amach i dtreoirlínte an Aire faoi alt 28 den Acht.

Ní mór don údarás áitiúil moladh/moltaí an OPR a chur i bhfeidhm nó aghaidh a thabhairt air/orthu chun comhsheasmhacht leis na forálacha ábhartha beartais agus reachtaíochta a chinntiú. Mura gcomhlíontar moladh is féidir go n-eiseofar Treoir ón Aire faoi alt 31 den Acht.

Is é is tuairimí ann iarratais ar thuilleadh faisnéise, fírinniú ar ábhar ar leith, nó soiléiriú maidir le gnéithe ar leith de phlean. Iarrann an OPR ar nó molann siad don údarás áitiúil gníomhú ar thuairim.

Féadfar go mbeidh comhairle san áireamh in aighneacht maidir le nithe a measann an OPR go gcuirfeadh siad le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair. Iarrann nó comhairlíonn an OPR go mbreithneoidh údaráis áitiúla ina hiomláine aon chomhairle atá san áireamh in aighneacht.

Chuir an OPR 55 aighneacht chuig údaráis áitiúla in 2022, mar a leagtar amach i dTábla 2. Tá seo suas ó 46 in 2021. As na 55, rinneadh 15 ar pháipéir saincheisteanna, rinneadh 12 ag céim an dréachtphlean agus bhain 23 le hathruithe ábhartha, rinneadh ceithre aighneacht ar athruithe ar phleananna forbartha cathrach/contae reatha agus rinneadh aighneacht amháin ar leasú ar LAP a bhí ann cheana. I dteannta na 55 aighneacht seo, rinne an OPR aighneachtaí maidir le haisghairmeacha molta a bhain le trí LAP.

Ar an iomlán, bhí 60% de na haighneachtaí a rinne an OPR in 2022 faoi chéimeanna éagsúla de phleananna forbartha cathrach/contae, agus rinneadh an 40% eile d'aighneachtaí faoi LAPanna.

**55**

**aighneacht chuig údaráis áitiúla in 2022**

**Tá seo suas ó 46 in 2021**

**Tábla 2** | Aighneachtaí OPR faoi Phleananna Reachtúla 2022

| | Pleananna Forbartha Cathrach/Contae | Pleananna Ceantair Áitiúil |
|---|---|---|
| **Páipéar Saincheisteanna** | 1 | 14 |
| **Dréachtphlean** | 7 | 5 |
| **Athruithe Ábhartha ar Dhréachtphlean** | 21 | 2 |
| **Athruithe ar Phlean Forbartha Cathrach/Contae** | 4 | N/A |
| **Leasú ar Phlean Ceantair Áitiúil** | N/A | 1 |
| **Iomlán** | **33** | **22** |

## Miondealú Réigiúnach

Tá na húdaráis áitiúla roinnte i dtrí limistéar réigiúnacha, a bhfuil trí thionól réigiúnacha acu: Tionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár na Tíre (EMRA), Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair (NWRA) agus Tionól Réigiúnach an Deiscirt (SRA). Tá tionóil réigiúnacha freagrach as tacú le pleanáil straitéiseach agus forbairt inbhuanaithe.

Rinne an OPR teagmháil shuntasach leis na tionóil réigiúnacha i rith 2022, go sonrach maidir le haon chathair, contae pleananna forbartha nó LAP ábhartha dá réigiún.

Maidir le miondealú réigiúnach, as na 55 aighneacht a rinne an OPR in 2022, bhain 18 le pleananna i Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre, bhain 23 le pleananna i Réigiún an Deiscirt agus bhain 15 le pleananna i Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair.[4]

[4] Bhain dhá aighneacht le comh-LAPanna a d'ullmhaigh dhá chomhairle contae i gcomhar. D'ullmhaigh Comhairle Contae Cheatharlach agus Comhairle Contae Laoise i gcomhar an páipéar saincheisteanna do Chomhphlean Ceantair Áitiúil Uirbeach na Gráige 2023-2029. Tá Comhairle Contae Cheatharlach i limistéar réigiúnach SRA agus tá Comhairle Contae Laoise i dtionól réigiúnach EMRA. Dá réir sin, comhairtear na haighneachtaí don dá thionól réigiúnacha. D'ullmhaigh Comhairle Contae Chill Dara agus Comhairle Contae na Mí, atá araon laistigh den cheantar EMRA, i gcomhar Comh-LAP Mhaigh Nuad agus Purláin Mhaigh Nuad 2024-2030.

**Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair**

1. Dún na nGall
2. Sligeach
3. Liatroim
4. Muineachán
5. An Cabhán
6. Maigh Eo
7. Ros Comáin
8. Contae na Gaillimhe
9. Cathair na Gaillimhe



**Limistéir Údaráis Áitiúil i dTuaisceart Éireann**

1. Cósta agus Gleannta an Tóchair
2. Lár agus Oirthear Aontroma
3. Doire agus an Srath Bán
4. Lár Uladh
5. Aontroim agus Baile Nua na Mainistreach
6. Béal Feirste
7. Fear Manach agus an Ómaigh
8. Ard Mhacha, Droichead na Banna agus Craigavon
9. An Dún Thuaidh agus na hArda
10. Lios na gCearrbhach agus an Caisleán Riabhach
11. An tIúr, Múrna agus an Dún

**Réigiún an Oirthir agus Lár na Tíre**

1. An Longfort
2. Lú
3. An Mhí
4. An Iarmhí
5. Fine Gall
6. Cathair Bhaile Atha Cliath
7. Baile Áth Cliath Theas
8. Dún Laoghaire-Ráth an Dúin
9. Uíbh Fhailí
10. Cill Dara
11. Laois
12. Cill Mhantáin

**Réigiún an Deiscirt**

1. An Clár
2. Ceatharlach
3. Cathair & Contae Luimnigh
4. Tiobraid Árann
5. Cill Chainnigh
6. Loch Garman
7. Ciarraí
8. Contae Chorcaí
9. Cathair Chorcaí
10. Cathair & Contae Phort Láirge

**Fíor 5** | Údaráis Áitiúla agus Tionóil Réigiúnacha in Éirinn agus Údaráis Áitiúla i dTuaisceart Éireann




**Fíor 6** | Aighneachtaí OPR de réir Tionóil Réigiúnaigh 2022

## 2.3 Forbhreathnú ar Mholtaí agus Tuairimí OPR

Rinne an OPR 207 moladh agus 85 tuairim in 2022 san iomlán ar aighneachtaí ar chomhairliúcháin reachtúla. Tá miondealú ar mholtaí agus ar thuairimí OPR de réir cineál plean ar fáil i dTábla 3.

In 2021, bhain tromlach na n-aighneachtaí le dréachtphleananna. I gcomparáid leis sin, in 2022 bhain tromlach na n-aighneachtaí le hathruithe ábhartha.

Tarlaíonn céim na n-athruithe ábhartha tar éis chéim na ndréachtphleananna, nuair a shocraíonn an t-údarás áitiúil athrú suntasach a dhéanamh sa dréachtphlean. Ní bhaineann moltaí nó tuairimí a dhéanann an OPR ag an gcéim seo ach leis na hathruithe ábhartha molta.

**Tábla 3** | Aighneachtaí OPR - Moltaí agus Tuairimí Aighneachtaí faoi Phleananna Reachtúla 2022

| | Líon Iomlán na nAighneachtaí | Moltaí | Tuairimí |
|---|---|---|---|
| **Páipéar Saincheisteanna** | 15 | N/A | N/A |
| **Dréachtphlean** | 12 | 92 | 49 |
| **Athruithe Ábhartha ar Dhréachtphlean** | 23 | 111 | 35 |
| **Athruithe ar Phlean Forbartha Cathrach/Contae** | 4 | 4 | 1 |
| **Leasú ar Phlean Ceantair Áitiúil** | 1 | - | - |
| **Iomlán** | **55** | **207** | **85** |

## 2.4 Moltaí agus Tuairimí OPR – Catagóirí Reachtaíochta

Bíonn aighneachtaí OPR ar phleananna reachtúla bunaithe ar bhreithniú a dhéanamh ar na hábhair reachtaíochta agus bheartais seo a leanas, lena n-áirítear comhsheasmhacht le:

- Forálacha reachtaíochta do phleananna reachtúla mar a fhoráiltear faoin Acht;
- Forálacha reachtaíochta maidir le gníomhaíochtaí a thugann aghaidh ar athrú aeráide;[5]
- An Creat Náisiúnta Pleanála (NPF);
- An Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch ábhartha (RSES);
- An plean forbartha ábhartha; (i gcás LAPanna)
- Straitéis Iompair an Údaráis Náisiúnta Iompair (NTA) (má tá sé i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath); agus
- Treoirlínte ábhartha d'údaráis phleanála arna bhfoilsiú ag an Aire faoi alt 28 den Acht, lena n-áirítear comhsheasmhacht le sainriachtanais beartais pleanála (SPPRanna) a shonraítear sna treoirlínte sin chomh maith le haon treoracha beartais arna n-eisiúint ag an Aire faoi alt 29 den Acht

### Moltaí – Catagóirí Reachtaíochta

Déantar athbhreithniú ar na moltaí atá in aighneachtaí an OPR de réir catagóir reachtaíochta i bhFíor 7. Toisc gur féidir le moltaí níos mó ná foráil reachtaíochta amháin a chlúdach, tá difríocht idir na huimhreacha a chuirtear i láthair i bhFíor 7 agus na 207 moladh san iomlán atá liostaithe thuas (i dTábla 3) mar thoradh ar an bhforluí seo.

Bhain an chatagóir reachtaíochta ba mhinice a tharla le comhsheasmhacht le 'cúrsaí beartais i dtreoirlínte alt 28', áit ar bhain 70% de na moltaí leis an gcatagóir reachtaíochta seo.

Faoi alt 28 den Acht, is féidir leis an Aire treoirlínte a ullmhú d'údaráis áitiúla chun aird a thabhairt orthu nuair atá siad ag ullmhú pleananna forbartha. Baineann na treoirlínte seo le raon ábhar a bhaineann le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe, amhail pleananna forbartha, soláthar tithíochta, bainistíocht um riosca tuilte, bóithre náisiúnta agus réigiúnacha, miondíol, forbairt uirbeach, LAPanna, tithíocht tuaithe agus fuinneamh gaoithe.

**Soláthar tithíochta**

**Riosca tuilte**

**Bóithre náisiúnta agus réigiúnacha**

**Miondíola**

**Forbairt uirbeach**

**Forbairt tuaithe**

**Fuinneamh gaoithe**

[5] Le linn céimeanna déanta plean a mheasúnú agus a mheasúnú faoi alt 31AM(2)(a) den Acht, féachfaidh an OPR lena chinntiú go dtabharfaidh sé aghaidh ar na nithe reachtaíochta agus beartais laistigh de raon feidhme alt 10 agus, go háirithe, fo-alt (2)(n), maidir le hathrú aeráide.




**Fíor 7** | Minicíocht na gCatagóirí Reachtaíochta i Moltaí OPR

Ba iad na treoirlínte alt 28 ba mhinice a luadh i moltaí OPR i rith 2022:

- Pleananna Forbartha – Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2022);[6]
- Sprioc-Mhodheolaíocht an tSoláthair Tithíochta le haghaidh Pleanáil Forbartha (2020);
- An Córas Pleanála agus Bainistíocht um Riosca Tuilte – Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2009);
- Pleanáil Spásúlachta agus Bóithre Náisiúnta – Treoirlínte d'Údaráis Phleanála (2012); agus
- Tithíocht Tuaithe Inbhuanaithe – Treoirlínte le haghaidh Pleanála (2005).

Bhain an dara catagóir ba mhinice le comhsheasmhacht leis an NPF; ar tagraíodh dó i 65% de na moltaí.

## Tuairimí – Catagóirí Reachtaíochta

Tháinig na patrúin seo a leanas chun solais sna 85 thuairim a thug OPR in 2022:

Bhain an chatagóir reachtaíochta ba mhinice a tharla le treoirlínte alt 28, le 44% de na tuairimí a rinneadh in 2022 ag tagairt do na treoirlínte seo. Ba é an dara catagóir ba mhinice ná 'comhsheasmhacht leis an NPF', ar tagraíodh dó i 26% de na moltaí. Ba é an tríú catagóir ba mhinice ná 'eile', a luadh i 25% de na 85 tuairim a rinne an OPR. Bhain tuairimí a rinneadh faoin gcatagóir 'eile' le raon ábhar, lena n-áirítear an chroístraitéis agus ordlathas lonnaíochtaí pleananna, iompar agus suíomhanna scoile. Léirítear iad seo i bhFíor 8, thíos.

[6] Dréacht-Treoirlínte Pleananna Forbartha a fhoilsítear le haghaidh comhairliúcháin i Lúnasa 2021. Foilsíodh an leagan deiridh de na treoirlínte seo ar an 1 Iúil 2022.




**Fíor 8** | Minicíocht na gCatagóirí Reachtaíochta i dTuairimí OPR

## 2.5 Moltaí OPR – Forbhreathnú Téamach

Is féidir na 207 moladh a rinne an OPR a eagrú go ginearálta faoi na téamaí seo a leanas:

- Croístraitéis, ordlathas lonnaíochtaí agus dáileadh fáis;
- Criosú úsáide talún, dlúthfhás, forbairt sheicheamhach agus cur chuige céimnithe i leith an chriosaithe;
- Forbairt inbhuanaithe agus athghiniúint;
- Straitéis tithíochta, tithíocht tuaithe agus cóiríocht don Lucht Siúil;
- Forbairt eacnamaíoch, fostaíocht agus miondíol;
- Gníomhú ar son na haeráide agus fuinneamh in-athnuaite;
- Iompar inbhuanaithe agus inrochtaineacht; agus
- Bainistíocht um riosca tuilte, comhshaol, oidhreacht agus fóntais.

Tá athbhreithniú déanta ag an OPR ar a moltaí agus measann sé go mbaineann an líon moltaí is mó in 2022 le trí réimse théamacha:

### 1. Criosú úsáide talún – Dlúthfhás agus Forbairt Sheicheamhach

Sainaithníonn an NPF an dlúthfhás mar thoradh straitéiseach náisiúnta chun a chinntiú go bhfuil cion níos mó d'fhorbairt suite laistigh de limistéar tógtha cathracha, bailte agus sráidbhailte.

Tacaíonn moltaí a eisíonn an OPR maidir le criosú úsáide talún leis an gcuspóir seo trína chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm chur chuige seicheamhach i leith forbartha chun patrún dlúthfháis a bhaint amach laistigh de lonnaíochtaí. Déantar seo a mheasúnú trína chinntiú go dtugtar tosaíocht do bhailte cóngarach do lár an bhaile, go n-úsáidtear bonneagar atá ann cheana agus go dtacaítear le hathghiniúint uirbeach.

Sa chás gur moladh criosaithe úsáide talún le haghaidh láithreáin neamhoiriúnacha i suíomhanna imeallacha, lasmuigh de theorainneacha lonnaíochta, nó i suíomhanna nach raibh seicheamhach d'fhorbairt a bhí ann cheana, mhol an OPR go mbreithneodh údaráis áitiúla ar na tailte seo a chriosú.

Cheangail moltaí ar an údarás áitiúil iniúchadh ar acmhainn lonnaíochtaí a ullmhú chun a mheas an raibh seirbhísí bonneagair ar fáil d'fhorbairt ar na tailte seo. Sa chás gur sainaithníodh nach raibh na seirbhísí riachtanacha ag na tailte nó nárbh fhéidir iad a sheirbhísiú laistigh de shaolré an phlean, bhí ceangaltas sa mholadh na tailte a athchriosú go húsáid eile níos oiriúnaí.

In aighneacht an OPR ar Dhréachtphlean Forbartha Chathair agus Contae Phort Láirge, 2022-2028, bhí moltaí maidir le dlúthfhás, forbairt sheicheamhach agus acmhainn bhonneagair chun tailte criosaithe a sheirbhísiú.

Cheangail na moltaí ar an údarás áitiúil athbhreithniú a dhéanamh ar an gcur chuige i leith talamh a chriosú le haghaidh forbairt chónaithe chun tús áite a thabhairt do thalamh atá suite níos cóngaraí don lár comhsheasmhach leis an gcur chuige seicheamhach i leith criosú tailte, agus criosú talaimh cónaithe a athbhreithniú d'fhonn tosaíocht a thabhairt / céimniú nó tailte is lú fabhar a bhaint ar shiúl nach bhfuil ag teastáil chun riar an éileamh tithíochta a eascraíonn ón gcroístraitéis a raibh rochtain mhaith acu ar iompar poiblí a bhí ann cheana agus atá pleanáilte, ar bhealaí siúil agus ar bhealaí rothaíochta.

Ceanglaíodh ar an údarás áitiúil freisin a measúnú bonneagair a athbhreithniú chun eolas a chur ar fáil do chriosú nó céimniú tailte de réir bonneagar atá ann cheana nó atá pleanáilte. D'fhreagair an t-údarás áitiúil go dearfach ar an moladh seo agus bhíomar sásta gur tugadh aghaidh ar na ceisteanna seo sa phlean ar glacadh leis.

## 2. Bainistíocht um Riosca Tuilte

Rinneadh moltaí maidir le bainistíocht um riosca tuilte chun a chinntiú nach ndéanfaí talamh i mbaol tuilte a chriosú le haghaidh úsáidí leochaileacha. Cheangail na moltaí ar údaráis áitiúla an Córas Pleanála agus na Treoirlínte um Bainistíocht Riosca Tuilte (2009) a leanúint, go háirithe maidir le cur chuige seicheamhach a chur i bhfeidhm[7], agus tástálacha fírinnithe a ullmhú[8] do thailte áirithe. I gcásanna nár chomhlíon tailte riachtanais na tástála fírinnithe, d'éiligh moltaí athchriosú go húsáidí eile nach bhfuil chomh leochaileach.

D'éiligh moltaí ar bhainistíocht um riosca tuilte freisin ar údaráis áitiúla beartais agus/nó cuspóirí a chur san áireamh nó a leasú chun forbairt neamhoiriúnach a shrianadh laistigh de limistéir tuilte agus chun a chinntiú go gcuirtear an Measúnú Straitéiseach Riosca Tuilte i bhfeidhm go hiomlán agus go gcomhlíontar é. D'oibrigh an OPR go dlúth leis an OPW ar gach cás maidir le riosca tuilte. Athbhreithníodh treoir agus moltaí an OPW agus ionchorpraíodh iad i moltaí, nuair ba chuí.

[7] Féachann an cur chuige seicheamhach i leith riosca tuilte a bhainistiú ar dtús le forbairt a sheachaint i gceantair atá i mbaol tuilte. Murar féidir seo a dhéanamh, ba cheart go gcuirfeadh an plean forbartha in ionad an chuspóra úsáide talún ceann nach bhfuil chomh leochaileach do thuilte. Níor cheart breithniú a thabhairt do mhaolú agus bainistiú rioscaí ach sa chás nach féidir seachaint agus ionadú tarlú.

[8] Measúnú an gcomhlíonann moladh forbartha laistigh de cheantar atá i mbaol tuilte critéir shonracha le haghaidh pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe agus an léiríonn sé nach mbeidh sé faoi réir aon riosca neamh-inghlactha agus nach méadóidh sé riosca tuilte áit ar bith eile. Níor cheart an tástáil fírinnithe a chur i bhfeidhm ach sa chás go bhfuil forbairt laistigh de cheantair riosca tuilte a shainmhíneofaí mar míchuí faoin gcur chuige seicheamhach.

D'éiligh aighneachtaí OPR chuig Plean Forbartha Chontae Chill Dara 2023-2029 athbhreithniú ar thástálacha fírinnithe ar tugadh fúthu mar chuid den Mheasúnú Straitéiseach Riosca Tuilte a rinne an t-údarás áitiúil, agus go ndéanfaí dáileachtaí talún atá i mbaol tuilte a chriosú agus tailte a athchriosú go húsáidí eile sa chás nár pasáladh an tástáil fírinnithe.  Chomhlíon an t-údarás áitiúil an moladh seo trí na cuspóirí criosaithe a leasú agus i gcás amháin bhí cuspóir a bhain go sonrach le láithreán a d'éiligh crios maolánach a bheith curtha ar fail laistigh den cheantar riosca tuilte.  Bhíomar sásta gur tugadh aghaidh ar ár moltaí agus go raibh an plean comhsheasmhach le beartas náisiúnta ar bhainistíocht um riosca tuilte.

### 3. Croístraitéis – Ordlathas Lonnaíochtaí agus Dáileadh Fáis

Is príomhpháirt d'aon phlean forbartha contae/cathrach í an chroístraitéis. Leagann sí amach spriocanna maidir le fás daonra agus soláthar tithíochta don tréimhse plean sé bliana, agus sainaithníonn sí an méid talamh criosaithe a theastaíonn chun spás a thabhairt le haghaidh na forbartha seo don chathair, do na bailte agus/nó na sráidbhailte laistigh de cheantar an phlean.

Bhí croístraitéisí fós ar cheann de na trí théama is mó inár moltaí in 2022.

Bhain moltaí ar chroístraitéisí le hordlathas lonnaíochtaí cathrach/contae agus le dáileadh fáis do gach cathair, baile agus/nó sráidbhaile.

I mórán cásanna, ceanglaíodh ar údaráis áitiúla a chinntiú go raibh na spriocanna maidir le daonra agus soláthar tithíochta de réir an NPF agus an RSES ábhartha, agus go raibh an cur chuige i leith criosú a dhéanamh le haghaidh forbairt chónaithe ag teacht leis na figiúirí maidir le daonra agus thithíocht.

D'éiligh moltaí an OPR freisin go gcuirfí san áireamh údaráis áitiúla ábhartha chun táblaí croístraitéise a leasú chun faisnéis a bheith san áireamh, mar shampla, leis an gcroístraitéis a bhaineann le méid na dtailte criosaithe, dlúis chónaithe agus cion na dtailte ina bhfuil cumas forbairt inlíonta agus athfhorbraíochta a dhéanamh.

Maidir le Dréacht-Phlean Forbartha Chontae an Chláir 2023-2029, mhol an OPR go n-athbhreithneofaí an t-ordlathas lonnaíochtaí agus go ndéanfaí bailte áirithe a athshuíomh laistigh den ordlathas ach amháin go raibh údar soiléir ann comhsheasmhach leis an bpleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe le haghaidh cur chuige malartach. Bhí an t-údarás áitiúil ábalta údar soiléir a thabhairt le haghaidh an ordlathais lonnaíochta bunaithe ar ról feidhmiúil na lonnaíochtaí laistigh dá gcomhthéacs tíreolaíoch, agus glacadh leis an réasúnaíocht seo.

## 2.6 Pleananna a Glacadh: Torthaí Mholtaí OPR

Tar éis chéimeanna an dréachtphlean agus chomhairliúchán na n-athruithe ábhartha, féadfaidh comhaltaí tofa an údaráis áitiúil vótáil chun plean molta a ghlacadh.

Nuair a ghlactar le plean, tá ceithre seachtaine ag an OPR chun an plean a mheas agus chun a chinneadh an bhfuil an plean ag teacht le beartas náisiúnta agus réigiúnach agus an bhfuil sé tar éis dul i ngleic go sásúil leis na moltaí a rinneadh.

Má tá an plean ag teacht leis an méid thuas agus má leagtar amach ann straitéis iomlán do phleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair, admhóidh an OPR don údarás áitiúil gur glacadh leis an bplean agus tagann an plean i bhfeidhm sé seachtaine tar éis a ghlactha. Má bhíonn an plean ar neamhréir leis na moltaí a rinne an OPR, féadfaidh an OPR comhairle a thabhairt don Aire treoir a eisiúint (féach roinn 2.7).

In 2022, ghlac 22 údarás áitiúil le 24 plean. Pleananna forbartha cathrach/contae ba ea iad 19 de na pleananna a glacadh, breis is leath de na 31 plean forbartha údaráis áitiúil go léir a glacadh in 2022. Ina theannta sin, rinneadh dhá athrú ar phleananna cathrach nó contae a bhí ann cheana, glacadh le dhá LAP agus rinneadh leasú amháin ar LAP a bhí ann cheana in 2022.

Deisigh an OPR moltaí ag céim na ndréachtphleananna agus/nó na n-athruithe ábhartha de 23 de na 24 plean a glacadh nó a athraíodh in 2022. Chinn an OPR nach raibh aon mholadh ag teastáil ina n-aighneacht don leasú molta ar Phlean Ceantair Áitiúil Cheantar Bhardasach Thrá Lí 2018-2024 (Máistirphlean Deartha Shráidbhaile na Fianaite).

As na 23 plean ar glacadh leo, sa chás gur eisíodh moltaí, thug údaráis áitiúla aghaidh go sásúil ar na moltaí go léir a rinne an OPR le haghaidh 11 de na pleananna (Tábla 4). Glacadh le Plean Forbartha Chontae Chill Dara 2023-2029 agus Plean Ceantair Áitiúil Halla an Leasáin Thoir 2023-2029 araon go déanach in 2022, mar sin de, tugadh chun críche breithmheas agus meastóireacht na bpleananna glactha seo ag an OPR go luath in 2023. Chun críocha anailíse, tá an dá phlean seo curtha san áireamh i dTábla 4.

Ina theannta sin, rinne an OPR breithmheas agus measúnú ar aisghairm mholta LAPanna in 2022 ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh; Plean Ceantair Áitiúil Phurláin an Deiscirt 2021-2027, Plean Ceantair Áitiúil Chaladh an Treoigh 2019-2025 agus Plean Ceantair Áitiúil Chill Fhionáin 2021-2018. Ní dhearna an OPR aon mholtaí maidir leis na trí aisghairm mholta agus bhí siad sásta le cinneadh an údaráis áitiúil na pleananna a aisghairm.

**Tábla 4** | Pleananna a Glacadh – Toradh Aighneachtaí OPR: Moltaí ar Déileáladh leo go Sásúil

| Plean | Údarás Áitiúil | Líon moltaí a eisíodh | Dáta Glactha |
|---|---|---|---|
| **Plean Forbartha Chontae Ros Comáin 2022-2028** | Comhairle Contae Ros Comáin | 17 | 8 Márta 2022 |
| **Plean Forbartha Contae Cheatharlach 2022-2028** | Comhairle Contae Cheatharlach | 12 | 23 Bealtaine 2022 |
| **Plean Forbartha Contae an Chabháin 2022-2028** | Comhairle Contae an Chabháin | 21 | 30 Bealtaine 2022 |
| **Plean Forbartha Cathrach agus Contae Phort Láirge 2022-2028** | Comhairle Contae Phort Láirge | 17 | 7 Meitheamh 2022 |
| **Plean Forbartha Contae Loch Garman 2022-2028** | Comhairle Contae Loch Garman | 17 | 13 Meitheamh 2022 |
| **Plean Forbartha Contae Thiobraid Árann 2022-2028** | Comhairle Contae Thiobraid Árann | 16 | 11 Iúil 2022 |
| **Plean Forbartha Chathair Bhaile Átha Cliath 2022-2028** | Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath | 8 | 2 Samhain 2022 |
| **Plean Forbartha Contae Chill Dara 2023-2029**[9] | Comhairle Contae Chill Dara | 20 | 2 Samhain 2022 |
| **Athrú Uimhir 1 ar Phlean Forbartha Contae an Lú 2021-2027** | Comhairle Contae Lú | 1 | 18 Iúil 2022 |

9 Glacadh Plean Forbartha Contae Chill Dara 2023-2029 ar an 9 Nollaig 2022. Cuireadh measúnú ar an nglacadh i gcrích in Eanáir 2023. Déileáladh le gach moladh go sásúil.

| Plean | Údarás Áitiúil | Líon moltaí a eisíodh | Dáta Glactha |
|---|---|---|---|
| **Plean Ceantair Áitiúil Bhéal Átha na Sluaighe 2022-2028** | Comhairle Contae na Gaillimhe | 6 | 25 Bealtaine 2022 |
| **Plean Ceantair Áitiúil Halla an Leasáin Thoir 2023-2029**[10] | Comhairle Contae Fhine Gall | 2 | 12 Nollaig 2022 |
| **Leasú Molta Uimhir 1 ar Phlean Ceantair Áitiúil Cheantar Bardasach Thrá Lí 2018-2024 (Máistirphlean Deartha Shráidbhaile na Fianaite)** | Comhairle Contae Chiarraí | Dada | 5 Iúil 2022 |

## 2.7 Treoracha

De réir alt 31AM den Acht, is féidir leis an OPR moladh a dhéanamh don Aire a threorú d'údarás áitiúil déileáil le neamhréireachtaí le ceanglais reachtúla ina bplean.

Má mheasann an OPR go bhfuil gá leis seo, eiseoidh siad litir fógra don Aire ina mbeidh breac-chuntas ar a gcúis le teacht ar an gcinneadh. Míneofar sa litir fógra seo conas atá an plean neamhréireach le moltaí an OPR agus conas nach leagann an plean amach straitéis iomlán le haghaidh phleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe an cheantair. Ullmhaíonn an OPR freisin dréacht-treoir mholta don Aire.

Foilsítear an litir fógra agus an dréacht-treoir mholta ar shuíomh gréasáin an OPR. Tar éis é seo a bhreithniú, féadfaidh an tAire a chinneadh dréacht-treoir a eisiúint chuig an údarás áitiúil ábhartha. Nuair a eisíonn an tAire dréacht-treoir, ní thagann na codanna den phlean lena mbaineann an dréacht-treoir in éifeacht sa phlean glactha.

Má easaontaíonn an tAire le cuid ar bith nó le hiomlán na dréacht-treorach, ullmhaíonn an tAire ráiteas ina bhfuil breac-chuntas ar na cúiseanna gan comhaontú leis an OPR. Leagtar an ráiteas faoi bhráid gach Tí den Oireachtas.

In 2022, glacadh 12 phlean lena n-áirítear forálacha nár dhéileáil go sásúil leis na moltaí a rinne an OPR ag céim an dréacht-phlean nó ag céim na n-athruithe ábhartha. D'eisigh an OPR moltaí don Aire dréacht-treoracha a eisiúint do na 12 phlean go léir maidir leis na forálacha sonracha sin (Tábla 5).

Sa chuid is mó cásanna, níor bhain na dréacht-treoracha molta a d'eisigh an OPR don Aire do gach ceann de na pleananna a liostaítear thíos ach le líon teoranta de na moltaí a rinneadh ag céim an dréacht-phlean nó ag céim na n-athruithe ábhartha. Léirítear seo i dTábla 5 thíos.

[10] Glacadh Plean Ceantair Áitiúil Halla an Leasáin Thoir 2023-2029 ar an 12 Nollaig 2022. Cuireadh measúnú ar an nglacadh i gcrích in Eanáir 2023. Déileáladh le gach moladh go sásúil.

**Tábla 5** | Dréacht-Treoracha Molta arna eisiúint ag an OPR

| Plean | Údarás Áitiúil | Líon Moltaí a Eisíodh | Líon Moltaí lena mbaineann Dréacht-Treoir |
|---|---|---|---|
| **Plean Forbartha Contae Laoise 2021-2027** | Comhairle Contae Laoise | 20 | 6 |
| **Plean Forbartha Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin 2022-2028** | Comhairle Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin | 11 | 2 |
| **Plean Forbartha Contae Chorcaí 2022-2028** | Comhairle Contae Chorcaí | 17 | 3 |
| **Plean Forbartha Contae na Gaillimhe 2022-2028** | Comhairle Contae na Gaillimhe | 27 | 8 |
| **Plean Forbartha Luimnigh 2022-2028** | Comhairle Cathair agus Contae Luimnigh | 21 | 2 |
| **Plean Forbartha Bhaile Átha Cliath Theas 2022-2028** | Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas | 12 | 2 |
| **Plean Forbartha Chathair Chorcaí 2022-2028** | Plean Forbartha Chathair Chorcaí | 19 | 6 |
| **Plean Forbartha Contae Mhaigh Eo 2022-2028** | Comhairle Contae Mhaigh Eo | 29 | 19 |
| **Plean Forbartha Contae Chiarraí 2022-2028** | Comhairle Contae Chiarraí | 12 | 3 |
| **Plean Forbartha Contae Chill Mhantáin 2022-2028** | Comhairle Contae Chill Mhantáin | 25 | 3 |
| **Plean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2023-2029** | Comhairle Cathrach na Gaillimhe | 18 | 5 |
| **Athrú Uimhir 2 ar Phlean Forbartha Contae Dhún na nGall 2018-2024 (Creat Beartais Fuinnimh Gaoithe)** | Comhairle Contae Dhún na nGall | 2 | 2 |

## Forbhreathnú Téamach ar Dhréacht-Treoracha

Le linn 2022, d'eisigh an OPR dréacht-treoracha molta don Aire tar éis measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ár moltaí maidir le 11 phlean cathrach agus contae a glacadh agus athrú amháin ar phlean forbartha contae (Tábla 5).

Ní mór breathnú ar leibhéal úsáide chumhachtaí an OPR san ábhar seo i gcomhthéacs líon ard na gcomhairliúchán reachtúil ar athruithe ábhartha, ar a bhfuil breac-chuntas in ailt 2.1 agus 2.2, agus an líon suntasach pleananna forbartha cathrach/contae a glacadh in 2022.

Bhí na dréacht-treoracha spréite go cothrom ar na trí réigiún, le ceithre cinn san EMRA, ceithre cinn sa SRA agus ceithre cinn sa NWRA.




**Fíor 9** | Céimeanna i nDréacht-Treoracha de réir Téama 2022

Bhain na dréacht-treoracha le sáruithe soiléire beartais náisiúnta agus/nó réigiúnaigh maidir le raon leathan saincheisteanna amhail tuilte, beartas tithíochta agus fuinneamh in-athnuaite.

Ba iad sáruithe ar bheartas náisiúnta/ réigiúnach maidir le criosú talún i láithreacha imeallacha agus dlúthfhás na saincheisteanna ba choitianta i ndréacht-treoracha. Ar an iomlán, bhí siad ann i naoi gcinn de na 12 dhréacht-treoir. I bhformhór na gcásanna, bhain an sárú le hathruithe ábhartha ar léarscáileanna criosaithe a tugadh isteach sa dréachtphlean nár thacaigh an príomhfheidhmeannach leo. Tagair d'alt 2.5 le haghaidh tuilleadh sonraí.

Bhí 47 céim faoi leith sna 12 dhréacht-treoir, ag éileamh athruithe ar an bplean forbartha chun déileáil leis na hábhair a tarraingíodh anuas. Déanann Fíor 9 thíos na céimeanna a chatagóiriú faoi ocht dtéama. B'ionann an gá le déileáil le saincheisteanna a bhaineann le 'criosú agus dlúthfhás' agus 43% de na céimeanna atá sna 12 dréacht-treoir mholta.

## Treoracha Deiridh

Is céimeanna forordaithe iad seo nach mór d'údarás áitiúil a ghlacadh nuair a fhaigheann siad dréacht-treoir ón Aire. Ní mór dóibh comhairliúchán poiblí a dhéanamh ar an dréacht-treoir agus ní mór phríomhfheidhmeannach an údaráis áitiúil tuarascáil a ullmhú ar na haighneachtaí a fuair an t-údarás áitiúil le linn na tréimhse comhairliúcháin.

Déanann an OPR ansin tuarascáil an phríomhfheidhmeannaigh agus aon aighneachtaí a fhaigheann an OPR go díreach ó chomhaltaí tofa an údaráis áitiúil atá i gceist a bhreithniú. Tar éis an mheasúnaithe seo, is féidir leis an OPR moladh a dhéanamh don Aire chun treoir dheiridh a eisiúint, le nó gan leasuithe beaga. De rogha air sin, is féidir leis an OPR cigire a cheapadh má mheasann sé go bhfuil tuilleadh iniúchta ag teastáil.

Fuair gach ceann de na 11 phlean forbartha agus athrú glactha amháin ar phlean forbartha a liostaítear i dTábla 5 dréacht-treoir ón Aire tar éis moladh ón OPR.

Tar éis an phróisis comhairliúcháin, d'eisigh an OPR moladh maidir le treoir deiridh mholta don Aire le haghaidh 10 gcinn de na pleananna seo in 2022. Bhí an próiseas deiridh maidir le treoir fós ar siúl do Phlean Forbartha Contae Chill Mhantáin 2022-2028 agus Plean Forbartha Cathrach na Gaillimhe 2023-2029 ag deireadh 2022.



Cionn tSáile, Co Chorcaí

Chomh maith leis na pleananna glactha ar a dtugtar breac-chuntas i dTábla 5, mhol an OPR dhá threoir dheiridh eile maidir le Plean Forbartha Contae na Mí 2021-2027 agus Plean Forbartha Contae Chill Chainnigh 2021-2027; glacadh an dá phlean in 2021. D'eisigh an tAire treoir ar Phlean Forbartha Contae na Mí 2021-2027 in Eanáir 2022.

## Torthaí Treoracha Deiridh

Bhí torthaí idirghabhálacha an OPR dearfach i dtéarmaí fás dlúth agus inbhuanaithe a chur chun cinn, ag cinntiú go ndéantar talamh criosaithe le haghaidh forbartha a sheirbhísiú agus gur féidir an bonneagar riachtanach sóisialta agus fisiciúil le haghaidh pobail nua agus pobail atá ann cheana féin a chur ar fáil, ag seachaint tithe agus gnólachtaí leochaileacha a chur i mbaol tuilte, ag cosaint shábháilteacht, acmhainn agus éifeachtúlacht ár mbóithre náisiúnta agus ag baint ar shiúl bacainní míréasúnta roimh fhuinneamh in-athnuaite a sheachadadh sna láithreacha cearta.

Ní hamháin go léiríonn na hidirghabhálacha seo an creat beartais náisiúnta agus réigiúnach le haghaidh phleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe ár gcathracha agus ár gcontaetha, ach tá siad tábhachtach go háirithe chun dul i ngleic leis na príomhdhúshláin a bhaineann le hathrú aeráide agus caillteanas bithéagsúlachta. Ar an gcaoi chéanna, i dtéarmaí na ndúshlán a bhaineann le tithíocht, tá sé tábhachtach a chinntiú go bhfuil tithe nua curtha i láithreacha maithe agus gur féidir leo freastal ar riachtanais pobal amach anseo.

I gContae na Gaillimhe, an Mhí, Cathair Chorcaí, Laois, Cill Mhantáin, agus Maigh Eo, bhí cuspóirí criosaithe san áireamh sna pleananna forbartha a ligfeadh d'fhorbairt chónaithe i láithreacha imeallacha nó iargúlta, den chuid ba mhó taobh amuigh de theorainn an bhaile nó na cathrach, agus i dtosca ina raibh go leor talamh criosaithe sna pleananna cheana féin a bhí i láithreacha níos fearr maidir le soláthar bonneagair agus rochtain ar scoileanna, siopaí agus áiseanna eile pobail do chónaitheoirí amach anseo.

Baineann an cineál seo cur chuige píosa ar phíosa agus neamhsheicheamhach i leith na pleanála, baineann sé den fhéidearthacht na spriocanna maidir le fás dlúth a leagtar amach sa pholasaí náisiúnta a bhaint amach, agus ciallaíonn sé sin go lonnaítear tithe nua níos faide ar shiúl ó sheirbhísí. Tá an cineál seo forbartha spleách freisin ar iompar cairr phríobháidigh, a mbíonn de thoradh air méadú san úsáid fuinnimh agus astaíochtaí gás ceaptha teasa. D'éiligh an treoir go ndéanfaí talamh sin a chriosú le haghaidh cuspóirí níos oiriúnaí.

I Luimneach, an Mhí, Contae na Gaillimhe, Cathair na Gaillimhe, agus Maigh Eo, d'éiligh an treoir go ndéanfaí talamh atá i mbaol tuilte a chriosú le haghaidh úsáidí nach bhfuil chomh leochaileach chun forbairt neamhoiriúnach a sheachaint i gceantair atá i mbaol tuilte, agus a chinntiú gur féidir le bailte agus sráidbhailte leanúint de bheith ag fás ar bhealach sábháilte agus inbhuanaithe. Chomhairligh an OPW in éadan chriosú na dtailte seo le haghaidh úsáidí leochaileacha.

I Maigh Eo, d'éiligh an treoir freisin athruithe ar raon leathan beartas agus cuspóirí a bhí i gcoinne fás dlúth agus inbhuanaithe an chontae agus a bhí neamhréireach le beartas náisiúnta agus réigiúnach agus aidhmeanna straitéiseacha an phlean féin.

I gContae na Gaillimhe, d'éiligh an treoir beartais a bhaint ar shiúl a dhéanfadh dochar do sheachadadh príomh-bhonneagair fuíolluisce a shainaithin Uisce Éireann a bheith riachtanach chun riar ar riachtanais an fháis daonra agus geilleagair sa chontae.

I gCathair Chorcaí, d'éiligh an treoir ar an údarás áitiúil a gcinneadh a aisiompú an cuspóir a bhaint ar shiúl maidir le criosú oideachais ar cheantar talaimh sa cheantar dugaí mar ar shainaithin an Roinn Oideachais an gá le scoil.

I mBaile Átha Cliath Theas, Contae Chorcaí, Luimneach, Cathair na Gaillimhe agus Maigh Eo, d'éiligh an treoir athruithe chun a chinntiú nach ndéanfaí talamh i láithreacha imeallacha nó iargúlta lasmuigh de theorainn na cathrach nó an bhaile agus le drochrochtain ag iompar poiblí atá ann cheana nó atá beartaithe, a chriosú chun críocha fostaíochta.

Tá sé ríthábhachtach a chinntiú go lonnaítear úsáidí fostaíochta i gceantair mar ar féidir le fostaithe agus custaiméirí taisteal de mhodhanna inbhuanaithe chun astaíochtaí carbóin a laghdú de réir beartas Rialtais.

I nDún na nGall, Ciarraí agus Laois, d'éiligh an treoir go scriosfaí srianta ar fhorbairt fuinnimh gaoithe a bhí neamhréireach le treoirlínte an Aire ar fhorbairt fuinnimh in-athnuaite agus gaoithe a shrianfadh go suntasach, agus go neamhréasúnta, forbairt fuinnimh in-athnuaite sna contaetha sin neamhréireach le beartas náisiúnta, lena n-áirítear Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide an Rialtais 2023.

I Maigh Eo agus Ciarraí, d'éiligh an treoir go mbainfí ar shiúl forálacha beartais áirithe a bhí i gcoinne beartas náisiúnta maidir le sábháilteacht, acmhainn agus éifeachtúlacht bóithre náisiúnta agus acomhail ghaolmhara a chosaint.

## Ráitis Cúiseanna ón Aire

Sa chás nach n-aontaíonn an tAire le moladh an OPR maidir leis an dréacht-treoir nó an treoir dheiridh, ní mór dóibh ráiteas i scríbhinn a ullmhú ar chúiseanna gan aontú. Tagraítear dó mar an Ráiteas Cúiseanna.

Is féidir leis a bheith ag baint leis an treoir ina hiomláine nó, rud níos coitianta, le cuid den treoir. Ní mór an Ráiteas Cúiseanna ansin a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas, agus a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin DHLGH.

In 2022, níor aontaigh an tAire leis an OPR maidir le roinnt codanna den treoir mholta maidir le Pleananna Forbartha Chontae Laoise, Chiarraí agus Chorcaí, agus Athrú Uimh.2 ar Phlean Forbartha Contae Dhún na nGall. Seachas Contae Chorcaí, bhain gach cás eile le forálacha le haghaidh fuinneamh in-athnuaite sna pleananna forbartha. Bhain cinntí seo an Aire le 7 na gcodanna aonair 93[11] a bhí ina ábhar do mholadh dréacht-treorach nó treorach deiridh ag an OPR, agus arna eisiúint ag an Aire in 2022.

Maidir le Plean Forbartha Chontae Laoise agus an tAthrú ar Phlean Forbartha Contae Dhún na nGall, Mheas an tAire go raibh líon forbairtí suntasacha agus criticiúla ann maidir le hathrú aeráide agus fuinneamh in-athnuaite a théann in ionad na sainriachtanas beartais pleanála (SPPRanna) i dTreoirlínte Eatramhacha alt 28 d'Údaráis Phleanála ar Phleananna Reachtúla, Fuinneamh In-athnuaite agus Athrú Aeráide a d'éiligh ar údaráis áitiúla a leagan amach conas a chuirfidh cur i bhfeidhm an phlean forbartha le




[11] Plean Forbartha Chathair Chorcaí 2022-2028, Plean Forbartha Contae Chorcaí 2022-2028, Plean Forbartha Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin 2022-2028, Plean Forbartha Contae na Gaillimhe 2022-2028, Plean Forbartha Contae Chiarraí 2022-2028, Plean Forbartha Contae Laoise 2021-2027, Plean Forbartha Luimnigh 2022-2028, Plean Forbartha Contae Mhaigh Eo 2022-2028, Phlean Forbartha Contae na Mí 2021- 2027, Plean Forbartha Bhaile Átha Cliath Theas 2022-2028, Athrú Uimhir 2 ar Phlean Forbartha Contae Dhún na nGall 2012-2018.

spriocanna náisiúnta foriomlána a bhaint amach maidir le fuinneamh in-athnuaite agus maolú an athraithe aeráide, agus go háirithe táirgeadh fuinnimh gaoithe agus an acmhainn fhéideartha fuinnimh gaoithe.

Ina theannta sin, bhí beartais náisiúnta agus Eorpacha maidir le slándáil fuinnimh faoi fhorbairt freisin. Tagraíonn an Ráiteas Cúiseanna freisin do mheasúnú ar acmhainn d'fhuinneamh in-athnuaite a fhorbairt atá comhtháite go náisiúnta agus go réigiúnach a éascóidh comhordú le húdaráis atá ag teorantacht agus méadraigh a chur ar fáil a chuirfidh eolas ar fáil don fhorbairt sin spriocanna áitiúla. Ar na cúiseanna seo, mheas an tAire é a bheith stuama agus oiriúnach ligean d'ullmhú sceidealaithe agus seicheamhach agus foilsiú an chreata ábhartha atá comhtháite go náisiúnta agus go réigiúnach agus pleananna chun eolas a chur ar fáil do Phleananna Contae Laoise agus Dhún na nGall, go háirithe maidir le spriocanna a chinneadh ag leibhéal an údaráis áitiúil.

Maidir le Plean Forbartha Contae Chiarraí, níor mheas an tAire gur tugadh faoin anailís agus na measúnuithe comhshaoil riachtanacha chun tacú leis an riachtanas ceantair 'nua' le haghaidh forbairt fuinnimh gaoithe a thabhairt isteach sa phlean[12], agus nár thacaigh an fhoclaíocht sna treoirlínte a thagraíonn do 'inghlactha i bprionsabal' leis an moladh ainmniú roinnt ceantar go 'ceadaithe i bprionsabal' comhsheasmhach leis na catagóirí ainmniúcháin a bhí ann cheana sa phlean.

Maidir le Contae Chorcaí, d'éiligh cuid den treoir a mhol an OPR comhstraitéis miondíola a ullmhú le Comhairle Cathrach Chorcaí chun an scóip a dheimhniú d'fhorbairt mhiondíola agus d'fhorbairt ionaid asdíola go sonrach, agus cuspóir a bhaint as an bplean maidir le hionaid asdíola. Leagtar amach sa Ráiteas Cúiseanna go bhfuil an tAire fós den tuairim go leagann an OPR amach réasúnaíocht phleanála bhailí don mholadh atá bunaithe ar phleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe Chorcaí a bhaint amach maidir le beartas forbartha miondíola mar a bhaineann sé le ceantar na Cathrach agus an Chontae. Mar sin féin, i bhfianaise dhá dhúshlán dlí ó Chomhairle Contae Chorcaí, agus an athbhreithnithe leanúnaigh ar an Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 ina mbeidh athchóirithe ar an gcur chuige a ghlactar i leith ról agus stádas treoirlínte pleanála, ról an OPR agus treoracha ón Aire, chinn an tAire gan treoir a eisiúint maidir le pleanáil miondíola ag an am seo.

## 2.8 Síneadh ar Phróiseas Athbhreithnithe an Phlean Forbartha

In 2021, tugadh an tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2021 (Uimh. 18 de 2021) isteach chun ligean d'údaráis áitiúla síneadh a iarraidh ar phróiseas athbhreithnithe an phlean forbartha suas le bliain amháin. Tugadh an Leasú isteach mar fhreagairt ar an gcur isteach mar gheall ar Covid, go háirithe moillí arbh fhéidir a bheith ann mar gheall ar shrianta rialtais.

Éilíodh ar aon údarás áitiúil a bhí ag iarraidh síneadh a lorg a rún a chur in iúl don OPR fad an phlean forbartha a bhí ann cheana a shíneadh, an tionchar comhshaoil a mheasúnú, tabhairt faoi chomhairliúchán poiblí, agus tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh a ullmhú maidir le haighneachtaí a fuarthas.

In 2021, thug údarás áitiúil amháin (Comhairle Contae an Chláir) faoin bpróiseas maidir le hiarratas ar shíneadh. Mhéadaigh an líon iarratas go trí cinn in 2022, ba iad sin Comhairle Contae Chiarraí, Comhairle Contae Liatroma agus Comhairle Contae Mhaigh Eo.

Thacaigh an OPR leis na trí mholadh na pleananna forbartha ábhartha a bhí ann cheana a shíneadh agus an fráma ama a shíneadh le haghaidh an athbhreithnithe agus an plean nua a dhéanamh. Tríd an bpróiseas seo, thacaigh an OPR le húdaráis áitiúla agus iad ag glacadh na gcéimeanna riachtanacha chun tionchar Covid a laghdú.

[12] Tagann an tsaincheist seo chun cinn toisc nach bhfuil aon chumhachtaí reachtúla ag Oifig an Rialaitheora Pleanála chun Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta nó Measúnacht Chuí a fógairt.

## 2.9 Bainistíocht Sonraí Spásúla

Tá tiomáint an chláir oibre pleanála digití ar cheann de phríomhspriocanna an OPR. Creidimid go bhfuil faisnéis thíreolaíoch atá ar fáil go poiblí agus atá éasca le húsáid ríthábhachtach do shaoránaigh chun dul i ngleic níos fearr leis an bpróiseas pleanála go ginearálta agus leis an bpróiseas ullmhaithe plean go sonrach.

Tá bonnleibhéal maith de sheirbhísí pleanála digiteacha curtha ar fáil ag feidhmeanna pleanála a chuir údaráis áitiúla, ABP, an DHLGH agus comhlachtaí poiblí eile ar fáil cheana féin. Ag tógáil orthu sin, in 2022, thugamar isteach roinnt feidhmchlár, uirlisí agus seirbhísí Córais Faisnéise Geografaí (GIS) a éascaíonn rochtain dhigiteach agus phoiblí níos fearr ar fhaisnéis phleanála.

### Deais Meastóireachta ar Phleananna Reachtúla

Chun rochtain phoiblí éasca a chur ar fáil ar chéimeanna éagsúla pleananna forbartha, d'fhorbair an OPR a thuilleadh Deais Meastóireachta ar Phleananna Reachtúla

Taispeánann an deais seo sonraí na gcomhairliúchán poiblí beo ar fad ar phleananna reachtúla ar fud na hÉireann, chomh maith le haighneachtaí a rinne an OPR chuig údaráis áitiúla maidir lena bpleananna reachtúla.

Tá sonraí faoi litreacha glactha arna eisiúint ag an OPR chuig údaráis áitiúla ar fáil freisin. Is féidir le húsáideoirí idirghníomhú leis an deais agus cliceáil ar údarás áitiúil chun breathnú ar shonraí comhairliúchán poiblí, aighneachtaí OPR agus litreacha glactha OPR.

### Ag Rianú Sheachadadh Forbairtí Cónaithe

I gcomhar le Comhairle Contae na Mí agus an DHLGH, d'fhorbair an OPR réitigh dheaise mar 'chruthúnas coincheapa' le haghaidh rianú agus monatóireacht sheachadadh na forbartha cónaithí i gcomhthéacs spriocanna náisiúnta, réigiúnacha agus údaráis áitiúil, talamh criosaithe, acmhainn bhonneagair, toilithe pleanála agus an gníomhachtú.

Díríonn na deaiseanna ar an Uaimh, Co. na Mí, agus déanann siad anailís ar an idirghníomhú idir beartas agus gníomhachtú agus a fheidhmiú ar mhonatóireacht ar sheachadadh tithe. Is cuid lárnach é an tionscadal den bhonn le haghaidh inmharthanacht an fheidhmithe náisiúnta laistigh de na 31 údarás áitiúil, i gcomhthéacs sheachadadh fhís an rialtais le haghaidh an chórais tithíochta atá in 'Tithíocht do Chách – Plean Tithíochta Nua d'Éirinn'.

Ghlac an OPR chucu féin an deis an tionscadal seo a thiomáint agus a bheith ar thús cadhnaíochta maidir lena sheachadadh, ag forbairt caidreamh le príomhpháirtithe leasmhara agus ag ceapadh foghlaimí straitéiseacha ón tionscadal.




*Deais Meastóireachta ar Litreacha Glactha Pleananna Reachtúla.*

### Samhaltú GIS/Amharcóir Léarscáile Idirghníomhach Meastóireachtaí Pleananna

D'fhorbair an OPR freisin córas GIS inmheánach gréasánbhunaithe a úsáideann an OPR chun bonn fianaise criticúla a chur ar fáil a chuireann taca faoi aighneachtaí an OPR maidir le dréachtphleananna forbartha.

Mar gheall ar an anailís chriticiúil seo a chur ar fáil tá an OPR ábalta aighneachtaí a dhéanamh ar dhréachtphleananna forbartha atá bunaithe ar fhianaise.

## 2.10 Rannpháirtíocht Páirtithe Leasmhara ar Mheastóireachtaí Pleananna

Téann an OPR i dteagmháil le príomhpháirtithe leasmhara sa chóras pleanála ar roinnt bealaí. Bhuail an OPR le roinnt príomhpháirtithe leasmhara in 2022. Cé gur chuir srianta Covid bac ar mhórán den rannpháirtíocht páirtithe leasmhara in 2021 agus go raibh orainn brath ar chruinnithe fíorúla, bhí an OPR ábalta roinnt cruinnithe a reáchtáil go pearsanta in 2022. Tá rannpháirtíocht páirtithe leasmhara ríthábhachtach d'obair an OPR; tacaíonn sí le comhroinnt faisnéise, cuireann sí chun cinn cur chuige comhoibríoch, agus spreagann sí níos mó trédhearcachta idir an OPR agus a bpáirtithe leasmhara.

### Rannpháirtíocht le hÚdaráis Áitiúla

Lean an OPR de bheith i dteagmháil le húdaráis áitiúla ag sceidealú cainteanna neamhfhoirmiúla, teicniúla le foirne pleanála na n-údarás ar feadh an phróisis pleanála. Ligeann an rannpháirtíocht seo don OPR ceisteanna a fhreagairt nó nithe tábhachtacha a bhaineann le plean molta a phlé, agus faisnéis bhreise a sholáthar, amhail nuashonruithe beartais, a fhéadfaidh tacú le hobair an údaráis áitiúil le linn phróiseas déanta an phlean. Leanfar le rannpháirtíocht leanúnach le húdaráis áitiúla maidir lena bpleananna a dhéanamh amach anseo, mar phríomhchuid d'obair na Stiúrthóireachta Meastóireachta Pleananna.

In 2022, bhí 17 gcruinniú ar líne ag an Stiúrthóireacht Meastóireachta Pleananna agus cruinniú amháin go pearsanta le húdaráis áitiúla. Bhain na cruinnithe seo go príomha leis an bpróiseas déanta pleananna agus na haighneachtaí arna ndéanamh ag an OPR ag na céimeanna ábhartha den phróiseas athbhreithnithe. Chuir na cruinnithe seo ar fáil freisin deis chun amlínte a phlé chun LAPanna agus athruithe nó leasuithe ar phleananna atá ann cheana a ullmhú.

### Fóram Meastóireachta Pleananna

Bunaíodh an Fóram Meastóireachta Pleananna i Meitheamh 2019. Éascaíonn an fóram plé agus malartú faisnéise i mbreithniú pleananna reachtúla ag an OPR agus spreagann sé níos mó ailínithe beartais i measc páirtithe leasmhara i gcomhthéacs an phróisis déanta pleananna.

I measc bhaill an fhóraim tá: an DHLGH, an Roinn Fuinnimh agus Athraithe Aeráide, Uisce Éireann, an Roinn Oideachais, Uisce Éireann, an NTA, an OPW agus ionadaithe ó na trí thionól réigiúnacha agus Bonneagar Iompair Éireann.

D'óstáil an OPR naoi gcruinniú den Fhóram Meastóireachta Pleananna in 2022, rud a chumasaigh cainteanna idir gach eagraíocht ar phleananna reachtúla faoi réir comhairliúchán poiblí thar an tréimhse sin.

### Gníomhaíochtaí Bolscaireachta Breise

#### Comhdháil Institiúid Pleanála na hÉireann

Bhí seastán taispeántais agus faisnéise ag an OPR ag comhdháil bhliantúil Institiúid Pleanála na hÉireann dar teideal "Delivering for Climate Change" a reáchtáladh i gCill Chainnigh ón 17 go dtí an 19 Márta 2022. Ba é an cuspóir an OPR a chur chun cinn agus tuiscint ar an eagraíocht a fheabhsú i measc an lucht freastail.

I measc na n-uirlisí poiblíochta eile a úsáideadh i rith na bliana bhí Cainéal nua YouTube OPR, a úsáidtear chun físeáin faisnéise agus físeáin eile a bhaineann le hobair an OPR a óstáil. D'eisigh an OPR trí eagrán dá nuachtlitir leictreonach faisnéise le linn 2022 freisin.

### Dámhachtainí um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil

D'urraigh an OPR catagóir i nDámhachtainí Chambers Ireland um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil. Cuireann na gradaim i láthair an cleachtas is fearr sa rialtas áitiúil agus aithníonn siad na scileanna, an obair chrua, an nuálaíocht agus an díograis laistigh den rialtas áitiúil, ar féidir iad a bheith gan aitheantas go minic.

Bhí an searmanas gradam ar siúl i mBaile Átha Cliath i Samhain 2022. Chun béim a chur ar ról an OPR ag cur chun cinn agus ag tacú le forbairt inbhuanaithe, nuálach, d'urraigh an OPR an chatagóir Ag Feabhsú na Timpeallachta Uirbí.

Bealach Glas Uirbeach Chaladh an Treoigh de chuid Chomhairle Cathrach & Contae Luimnigh a bhuaigh an chatagóir seo. Moladh an comhairle as a bhealach glas tarraingteach agus inrochtana i gcroílár bruachbhaile de chuid Luimnigh, ag nascadh bailte daoine le scoileanna, siopaí, clóis súgartha agus fóntais áitiúla.




*An Comhairleoir John Sheahan, Niall Cussen, an Rialtóir Pleanála agus an Comhairleoir Michael Collins ag comhdháil bhliantúil Institiúid Pleanála na hÉireann, Cill Chainnigh, Márta 2022.*




*Peter Burke, TD Aire Stáit le Freagracht as Pleanáil agus Rialtas Áitiúil, Anne Marie O'Connor, Stiúrthóir ar Mheasúnachtaí Pleananna, an Comhairleoir Francis Foley, Méara Chathair agus Chontae Luimnigh, Sean McGlynn, Taisteal Gníomhach, Cathair agus Contae Luimnigh agus Ian Talbot, Príomhfheidhmeannach, Chambers Ireland ag Dámhachtainí Chambers Ireland um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil, Bhaile Atha Cliath, Samhain 2022.*

# 3 Athbhreithnithe agus Scrúduithe Pleanála

- Athbhreithnithe Údaráis Áitiúil
- Athbhreithniú an Bhoird Pleanála
- Láimhseáil Cásanna agus Scrúdú ar Ghearáin
- Treochtaí Láimhseála Cásanna
- Samplaí Cás-Staidéir



Carraig Phádraig, Co. Thiobraid Árann

**Cuireann Caibidil IV ('Athbhreithniú ar Fheidhmeanna Pleanála') de Chuid IIB den Acht ar chumas an OPR athbhreithniú agus/nó scrúdú a dhéanamh ar na córais agus na nósanna imeachta a úsáideann údaráis áitiúla agus ABP agus a bhfeidhmeanna pleanála á gcomhlíonadh acu.**

Tá trí chomhthéacs ann:

| | |
|---|---|
| **Alt 31AS** | Sa chás go measann an OPR go bhfuil athbhreithniú den sórt sin riachtanach nó cuí. |
| **Alt 31AT** | Ar thionscnamh an Aire. |
| **Alt 31AU** | Scrúdú ar ghearán a bhaineann le heagrú údaráis áitiúil agus na gcóras agus nósanna imeachta a úsáideann sé maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna faoin Acht. |

Soláthraíonn na forálacha reachtúla seo an bonn don OPR chun maoirseacht a dhéanamh ar sheachadadh éifeachtach seirbhísí pleanála don phobal agus neartaíonn sé go suntasach socruithe institiúideacha chun feidhmiú cuí agus sláine an chórais pleanála a chinntiú. Ligeann sé dúinn monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht ghinearálta an chórais pleanála agus réimsí le feabhsú a shainaithint ar fud na 31 údarás áitiúil go léir agus ABP i seachadadh seirbhísí pleanála.

Tríd an gclár athbhreithnithe cuireann an OPR béim ar shainaithint an dea-chleachtais agus deiseanna le haghaidh foghlaim chomhroinnte idir eagraíochtaí, chomh maith le haird a tharraingt ar aon réimsí le feabhsú. Is é an cuspóir ginearálta cultúr feabhsaithe leanúnaigh a leabú in earnáil pleanála na hÉireann.

## 3.1 Clár Athbhreithnithe

Mar atá geallta inár Ráiteas Straitéise, tá clár athbhreithnithe á chur i bhfeidhm ag an OPR trína ndéanfaimid athbhreithniú ar gach údarás áitiúil agus ABP ar thimthriall rialta. Tugann clársceidealú athbhreithnithe rialta bonn don OPR chun maoirseacht a dhéanamh ar sheachadadh seirbhísí pleanála don phobal agus neartaíonn sé feidhmiú agus sláine an chórais pleanála.

Tá próiseas athbhreithnithe aonair ar bith cuimsitheach, ag glacadh roinnt míonna lena chur i gcrích, a bhfuil próisis shuntasacha bailithe faisnéise, anailíse agus rannpháirtíochta le hoifigigh phleanála i gceist leis chun na córais agus na nósanna imeachta a úsáidtear le feidhmeanna pleanála a sheachadadh a bhreithmheas go hiomlán.

Is féidir teacht ar thuilleadh faisnéise ar leathanach ár gcláir athbhreithnithe[13].

### Athbhreithnithe Údaráis Áitiúil

Déanann athbhreithnithe OPR feidhmíocht na n-údarás áitiúil a mheas i bpríomhphróisis oibriúcháin chun seirbhísí pleanála a sholáthar. Déanann ár dtuarascálacha athbhreithnithe moltaí ar conas is féidir nósanna imeachta a fheabhsú nó conas is féidir caighdeáin reatha a choinneáil.

Déanann ár modheolaíocht athbhreithnithe, a dhéantar a uasdátú go rialta, seachadadh athbhreithnithe údarás áitiúil a threorú. Cinntíonn modheolaíocht athbhreithnithe na n-údarás áitiúil go gcuirtear athbhreithnithe i bhfeidhm ar bhealach comhsheasmhach.

13 https://www.opr.ie/reviews-programme/

Chuir an OPR tús le céim phíolótach den chlár athbhreithnithe ag druidim le deireadh 2020, cuireadh ceithre athbhreithniú i gcrích faoin gcéim seo, Comhairle Contae Thiobraid Árann, Comhairle Contae Lú, Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Comhairle Contae Chill Dara. Tugadh an chéim phíolótach chun críche le linn 2022.

Bhí srianta Covid ina ndúshlán le linn na céime píolótaí den chlár, mar b'éigean athbhreithnithe a dhéanamh ó chian. Mar gheall ar shrianta a scaoileadh go luath in 2022, bhíothas in ann rannpháirtíocht aghaidh le haghaidh a dhéanamh idir na húdaráis áitiúla agus an OPR le linn an dara leath de 2022.

Aibhsítear na príomhthorthaí ó athbhreithniú Chomhairle Contae Chill Dara thíos.

## Comhairle Contae Chill Dara

Ba é seo an ceathrú hathbhreithniú ar cuireadh tús leis faoi chéim phíolótach an chláir. Fuarthas amach san athbhreithniú go bhfuil Comhairle Contae Chill Dara ag seachadadh a bpríomhfheidhmeanna pleanála go héifeachtach, le roinnt gnéithe á seachadadh ag leibhéal níos airde nuair a chuirtear i gcomparáid iad le treochtaí feidhmíochta náisiúnta, go háirithe a bhfeidhmeanna maidir le bainistíocht forbairtí agus pleanáil chun cinn[14].

Sainaithníodh cúig mholadh déag sa tuarascáil. Bhain na príomh-mholtaí le:

- **Acmhainní agus coinneáil foirne:** ba cheart aird tosaíochta a thabhairt ar dhúshláin maidir le coinneáil foirne agus earcaíocht a bhí ann le blianta beaga anuas;
- **Acmhainní na foirne forfheidhmithe:** ba cheart don údarás áitiúil a mheas conas a d'fhéadfaí cumas na foirne forfheidhmithe a neartú, le béim ar oifigigh forfheidhmithe a shannadh chun dul chun cinn líon na gcásanna forfheidhmithe a thiomáint gan a bheith curtha ar mhalairt slí go feidhmeanna eile;
- **Measúnacht timpeallacha:** Ba chóir nósanna imeachta um Measúnú Cuí agus um scagadh do Mheasúnacht Tionchair timpeallachta a ullmhú. Teastaíonn oiliúint agus saineolas sa réimse seo; agus
- **Oiliúint:** ba cheart nósanna imeachta foirmeálta a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil treoir oiriúnach ag an bhfoireann maidir leis an réimse casta seo den phleanáil.



Loch Bhaile na Faiche, Co. Chill Dara

[14] https://publications.opr.ie/view-file/98

**“Tá próiseas athbhreithnithe údarás áitiúil OPR an-chuimsitheach agus d’fhorbraíomar caidreamh oibre cuiditheach leis an OPR. A bhuí leis an athbhreithniú, tá rannóg pleanála Chomhairle Contae Thiobraid Árann i staid níos fearr anois ná mar a bhí roimh an bpróiseas athbhreithnithe.”**

**Eamon Lonergan,**
iar-Stiúrthóir Pleanála, Comhairle Contae Thiobraid Árann

Bhí sé soiléir ón gcéim phíolótach den chlár go bhfuil buntáiste mór ag baint leis na hathbhreithnithe seo d’údaráis áitiúla.

I seimineár oiliúna do bhaill foirne údarás áitiúil agus tionól réigiúnach a tugadh i nDeireadh Fómhair 2022, dar teideal ‘A Local Authority’s Experience of an OPR Review’, thug Eamon Lonergan, iar-Stiúrthóir Pleanála ag Comhairle Contae Thiobraid Árann, achoimre ar na buntáistí d’údaráis áitiúla a bhaineann le hathbhreithnithe an OPR.

Go sonrach, thug sé breac-chuntas ar an gcaoi:

- A bhfuil rannóg pleanála Chomhairle Contae Thiobraid Árann i staid níos fearr anois ná mar a bhí roimh an bpróiseas athbhreithnithe;
- A raibh céim cur i bhfeidhm a n-athbhreithnithe ag dul ar aghaidh go maith; agus
- Ar cuireadh i gcrích deiseanna le torthaí fíordhearfach dá roinn pleanála.

Tar éis an chéim phíolótach a chríochnú in 2022, rinne an OPR breithmheas inmheánach ar an bpróiseas ónar aithníodh foghlaimí chun an próiseas a fheabhsú le haghaidh athbhreithnithe ina dhiaidh sin.

Chuir an OPR tús leis an gcéad tráinse eile d’athbhreithnithe le linn 2022, ag cur tús le hathbhreithnithe ar Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge agus Comhairle Contae Uíbh Fhailí. Cuirfear an dá athbhreithniú seo i gcrích in 2023.

## Athbhreithniú an Bhoird Pleanála

Mar chomhlacht maoirseachta le haghaidh phróiseas pleanála na hÉireann, is ceann de phríomhróil an OPR tacú le muinín phoiblí sa chóras pleanála. Ina leith seo, ag éirí as imní phoiblí maidir le próisis áirithe tar éis ABP i seachadadh a bhfeidhmeanna, agus an phráinn a bhaineann le haghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo, chinn an OPR go raibh sé riachtanach tús a chur le hathbhreithniú reachtúil ar ABP.

Rinneadh an próiseas athbhreithnithe seo, ar cuireadh tús leis go foirmiúil i mí Lúnasa, ina dhá chéim, leis an gcéad tuarascáil foilsithe i nDeireadh Fómhair[15] agus an dara ceann i Nollaig[16] 2022. Is é Foireann Athbhreithnithe agus Scrúduithe an OPR a chuir an próiseas dian athbhreithnithe seo i gcrích, le cabhair saineolaithe seachtracha a bhfuil taithí acu, lena n-áirítear saineolas abhcóide sinsearach maidir leis an gcéad tuarascáil, agus beirt chleachtóirí pleanála le Rialtas na hAlban a bhfuil an-taithí acu a chabhraigh an dá thuarascáil a ullmhú.

Mar chuid den phróiseas athbhreithnithe, rinne an OPR teagmháil freisin le baill foirne ar fud ABP agus le páirtithe leasmhara seachtracha.

Bhí béim athbhreithniú an OPR ar stóinseacht agus éifeachtacht cleachtas cinnteoireachta, eagrú oibre, socruithe rialachais agus láimhseáil cáschomhad in ABP, chomh maith le tuairisciú ar shaincheisteanna struchtúrtha ábhartha níos leithne.

15 https://www.opr.ie/wp-content/uploads/2022/10/OPR-Review-Report-Phase-1-of-ABP-Review-1.pdf

16 https://www.opr.ie/wp-content/uploads/2022/12/Phase-2-Review-Report-FINAL.pdf

Thar an dá thuarascáil faoi leith, sainaithníodh 34 moladh leathan. I measc na moltaí seo tá bearta a dearadh chun acmhainn a fheabhsú cinntí tráthúla stóinseachta a sheachadadh, bainistíocht chorparáideach a fheabhsú agus socruithe a fheabhsú le haghaidh rialachas inmheánach agus trédhearcacht i nósanna imeachta. Go hachomair, tá na moltaí dírithe ar nósanna imeachta a neartú, muinín an phobail a thabhairt ar ais in ABP agus éifeachtacht an chórais pleanála iomláin a chinntiú. Bhí na moltaí deartha leis an aidhm nósanna imeachta a neartú, muinín an phobail a thabhairt ar ais in ABP agus éifeachtacht an chórais pleanála iomláin a chinntiú. Bhain cuid de na moltaí leis na nithe seo a leanas:

**Comhaltaí Boird:** Agus an líon folúntas atá ann cheana san áireamh, tá géarghá lena chinntiú go bhfuil líon imleor comhaltaí boird ar fáil chun feidhm reachtúil ABP a sheachadadh. Ba cheart comhaltaí boird sealadacha a bheith ceaptha go díreach ag an Aire chun a chinntiú gur féidir leis an mbord feidhmiú a fhad is go bhfuil an próiseas atá ann cheana le haghaidh ceapachán á athchóiriú trí reachtaíocht nua.

**Coimhlintí Leasa:** Ba cheart Aonad nua um Rialachas, Eitic agus Comhlíonadh a bhunú laistigh de ABP le hOifigeach Eitice ceaptha chun an réimse seo a bhainistiú agus a mhaoirsiú. Tá Cód Iompair nua ag teastáil go géar agus ní mór raon prionsabal treorach a bheith ag déanamh eolas dó, a leagtar amach i dtuarascáil OPR.

**Cinnteoireacht:** Tá nósanna imeachta ag teastáil chun coimhlintí leasa maidir le cinnteoireacht a shainaithint agus a mhonatóiriú. Caithfear an próiseas iomlán le haghaidh bainistíocht cásanna agus cinnteoireachta in ABP a dhéanamh foirmiúil i nós imeachta arna thaifeadadh go comhsheasmhach.

**Cruinnithe Boird:** Ní mór scor den chleachtas roimhe seo, a bheith ag brath ar chomhaltaí boird aonair cásanna pleanála a chur i láthair ag cruinnithe boird, agus ina áit sin na cuir i láthair seo a bheith déanta ag an gcigire a d'ullmhaigh an tuarascáil phleanála (nó duine tarmligthe oiriúnach).

**Gnéithe Dlíthiúla:** Déantar roinnt moltaí maidir le hábhair dhlíthiúla, lena n-áirítear aonad dlí inmheánach a bhunú chun tacú le cinnteoireacht ABP.

**Struchtúr Iomlán an Bhoird Pleanála:** Agus na héilimh oibriúcháin níos leithne ar ABP san áireamh, ní mór breithniú ar chur chuige eagraíochtúil nua chun oibriú éifeachtach córais agus nósanna imeachta údaráis náisiúnta pleanála a chumasú.

**Nósanna Imeachta Boird:** Tá nósanna imeachta nua ag teastáil maidir le comhdhéanamh boird, taifeadadh cinntí pleanála, sannadh cáschomhad agus nósanna imeachta um ardú, lena n-áirítear nuair is rún don bhord imeacht ó mholadh cigire.

**Ullmhú Tuarascálacha ag Cigirí:** Tá d'aidhm ag roinnt moltaí clú ABP a neartú maidir le hionracas i bhfeidhmiú breithiúnas gairmiúil pleanála ag cigirí pleanála. Áirítear leis seo cumarsáid dhíreach nó indíreach idir comhaltaí boird agus cigire, leagan amach cúiseanna comhalta boird chun imeacht ó mholtaí cigire, ráitis ábhartha a chur san áireamh i dtuarascálacha, agus córais a fheabhsú le haghaidh dearbhú cáilíochta i dtáirgeadh tuarascálacha cigirí.

**34** **sainaithníodh moladh leathan thar an dá thuarascáil faoi leith**

## Monatóireacht

Tar éis athbhreithniú ar bith, leanann an OPR ar aghaidh ag déanamh monatóireacht ar dhul chun cinn maidir leis na moltaí atá déanta acu chun a chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm go héifeachtach iad. Táimid faoi láthair ag déanamh monatóireacht ar chur i bhfeidhm na moltaí le haghaidh gach ceann de na hathbhreithnithe ón gcéim phíolótach den chlár athbhreithnithe. Leanann an OPR freisin de bheith ag obair le ABP agus an DHLGH i rith 2023 agus níos moille chun cur i bhfeidhm na moltaí ón bpróiseas athbhreithnithe sin a chinntiú.

***Is féidir maoirseacht agus monatóireacht a athbhreithniú mar mhodh chun a chinntiú go bhfuil na hionchuir (córais, nósanna imeachta, agus beartais náisiúnta), gníomhaíochtaí (forfheidhmiú, pleanáil forbairtí agus bainistíocht), aschuir (pleananna forbairtí ullmhaí, cásanna ar déileáladh leo) agus sa deireadh déantar aschuir (forbairt ar an talamh) a ailíniú chun spriocanna inmhianaithe an bheartais náisiúnta, réigiúnaigh agus áitiúil a bhaint amach.***



Bóthar na Trá, Co na Gaillimhe

Tá cur i bhfeidhm mholtaí OPR ríthábhachtach chun sláine an phróisis a chinntiú. Baintear seo amach trí chur chuige céimnithe a ghlacadh. Nuair atá athbhreithniú faoi leith i gcrích, leanaimid de bheith ag obair leis an gcomhlacht pleanála chun a chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm na moltaí.

Déantar an mhonatóireacht seo ag eatraimh sé mhí. Táimid ag leanúint de bheith ag déanamh monatóireacht ar údaráis áitiúla na céime píolótaí mar seo a leanas:

- **Comhairle Contae Thiobraid Árann** – nuashonrú 18 mí i gcrích;
- **Comhairle Contae Lú** – nuashonrú 12 mhí i gcrích;
- **Comhairle Cathrach na Gaillimhe** – nuashonrú 12 mhí i gcrích; agus
- **Comhairle Contae Chill Dara** – nuashonrú 6 mhí i gcrích.

Ar fud na gceithre athbhreithniú atá i gcrích, rinne OPR 63 moladh. Tá siad seo á gcur i bhfeidhm go rathúil faoi láthair ar fud na n-údarás áitiúil.

Is ardtosaíocht don OPR isteach i 2023 agus níos moille é a chinntiú go gcuirtear moltaí ó athbhreithniú ABP i bhfeidhm. Luann Moladh 23 de thuarascáil Chéim a Dó.

Tá plean cur i bhfeidhm ullmhaithe ag ABP ina n-áirítear sceideal seachadta. Cuirfear dul chun cinn ar an bplean isteach chuig an OPR agus an DHLGH ar bhonn ráithiúil.

Cothóidh monatóireacht rialta ABP, tríd an bplean cur i bhfeidhm, muinín níos mó ina gcuid oibre i súile an phobail.

**Baineann moladh 23 de thuarascáil Chéim a Dó le rannpháirtíocht agus cur i bhfeidhm athchóirithe laistigh de ABP agus deir:**

***"Chun muinín phoiblí agus institiúideach a chinntiú i bpróiseas an fheabhsaithe leanúnaigh, ba cheart don Bhord Pleanála a shocruithe tuairiscithe a fheabhsú maidir le hábhair ar leas nó cás poiblí agus polaitiúil iad. Ba cheart go n-áireofaí leis seo sonraí breise a chuimsiú ina dtuarascáil bhliantúil maidir le hábhair imní thráthúla, chomh maith le foilsiú nuashonrú cuimsitheach a chomhaontú leis an DHLGH ar Athbhreithniú Eagraíochtúil 2016 an Bhoird Pleanála. Faoi dheireadh Eanáir 2023 beidh plean cur i bhfeidhm ar chur i bhfeidhm mholtaí na tuarascála seo, lena n-áirítear sceideal seachadta, ullmhaithe le haghaidh chomhaontú an OPR agus an DHLGH. Cuirfear isteach tuarascálacha ráithiúla ina dhiaidh sin. Chomh maith leis sin, beidh an Bord Pleanála i dteagmháil leis an Oireachtas chun ardán cuí a éascú chun tuairisciú ar nithe ar cás ar leibhéal náisiúnta iad".***

## 3.2 Láimhseáil Cásanna

Cé go gcuireann alt 31AU den Acht go sonrach ar a gcumas do OPR gearáin faoi údaráis áitiúla a scrúdú, cuireann an OPR béim ar chabhrú leis an bpobal maidir le gach ní a bhaineann le pleanáil a tharraingítear anuas linn. Is é cuspóir OPR a bheith ina ghlór neamhspleách ag croílár an chórais pleanála, ag déanamh ionadaíochta don leas poiblí. Ina leith seo, déanaimid iarracht seirbhís den chéad scoth a chur ar fáil do chustaiméirí a chuireann comhfhreagras chugainn.

Cuireann an OPR seirbhís ar fáil don phobal maidir le saincheisteanna éagsúla:

- **Fiosruithe,** nó iarrataí ar fhaisnéis ghinearálta, a lorgaíonn soiléiriú de ghnáth faoi conas a fheidhmíonn gné faoi leith den chóras pleanála.
- **Aighneachtaí,** ar ghnéithe d'fheidhmiú an phróisis pleanála, ag tarraingt aird go minic ar shaincheisteanna a bhaineann le beartas náisiúnta pleanála nó forálacha reachtúla agus is minic a léirítear iad le cás-staidéir nó fianaise eile.
- Pléitear le **gearáin,** atá níos casta de ghnáth, ar bhealach níos mionsonraí thíos.

Breithníonn an OPR go cúramach gach comhfhreagras a fhaightear chun a dheimhniú cad iad na téamaí a tharlaíonn arís agus arís eile agus chun na réimsí is spéis agus is ábhar imní don phobal maidir le pleanáil a shainaithint agus a thuiscint. Ní hamháin go gcuireann faisnéis mar seo bonn eolais faoinár dtuairisciú don Aire maidir le héifeachtúlacht phróiseas pleanála na hÉireann, ach cabhraíonn sí maidir le forbairt ár ngníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna, mar aon lenár gclár taighde. In 2022, d'oscail an OPR 250 cás ar leith, ag am an fhoilsithe tá ár mbreithniú ar 248 de na cásanna seo tugtha chun críche.

**250** Cásanna a Fuarthas

**248** Cásanna Dúnta

**Figure 10** | Cásanna a Fuarthas agus a Dúnadh 2022

Tá iomlán na 250 cás a osclaíodh in 2022 comhsheasmhach leis an 255 in 2021. Taobh istigh de seo, mhéadaigh an líon gearán a fuarthas ó 106 in 2021 go 127 in 2022, ar bhreithnigh an OPR 19 acu de réir ár sainchúraim reachtúil. Déantar na treochtaí le blianta beaga anuas a shonrú i bhFíor 11 thíos.

Cé gur féidir roinnt cásanna a láimhseáil ar bhealach measartha éasca, tá sé i gceist le mórán de na cásanna an-chuid sonraí casta teicniúla agus féadfaidh siad bailiú fianaise breise a éileamh chun an beart is fearr a chinneadh.

Chun cásanna a phróiseáil, go háirithe gearáin, is minic a éilítear sraith comhfhreagrais leis an gcustaiméir agus an t-údarás áitiúil ábhartha araon.

Is léiriú ar an méid oibre atá i gceist é an fhíric, cé gur oscail OPR 250 comhad cáis in 2022, bhí timpeall 750 líne faoi leith chomhfhreagrais maidir le cásanna i gceist leis seo (i gcomparáid le timpeall 710 in 2021, 500 in 2020 agus 250 sna naoi mí oibriúcháin in 2019).

**750**

**líne faoi leith chomhfhreagrais maidir le cásanna i gceist leis seo 2022**

| 710 | 500 | 250 |
|---|---|---|
| 2021 | 2020 | 2019 |




**Fíor 11** | Gearáin agus Cásanna a fuarthas 2022




**Fíor 12** | Cásanna OPR 2022

Cé gur dtarraingíonn baill den phobal saincheisteanna éagsúla anuas, baineann mórán acu seo le hábhair lasmuigh de scóip shainchúram an OPR. Ina measc seo bhí cásanna faoi bhráid údaráis áitiúla agus/ nó ABP nó cásanna a cuireadh ar aghaidh cheana féin go comhlachtaí poiblí eile faoi shainordú.

## Scrúdú ar Ghearáin

Táimid tiomanta sásra cothrom agus neamhspleách a chur ar fáil chun gearáin a scrúdú agus beimid i dteagmháil agus cabhróimid, an oiread agus is féidir, leo siúd a chuireann gearáin isteach chugainn. Trínár bhfeidhm gearán, déanaimid iarracht feabhsuithe a chur ar an gcóras pleanála, lena n-áirítear léargais agus ag tarraingt aird ar fheabhsuithe cleachtais ar fud na n-údarás áitiúil.

Ina leith seo, socraíonn an tAcht tairseach ard do ghearán a bheith á scrúdú go foirmiúil ag an OPR. Ar dtús, le go n-aithneofar gearán a bheith bailí, ní mór dó a bheith ag baint le heagrú an údaráis áitiúil ábhartha agus leis na córais agus nósanna imeachta a úsáideann sé maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna faoin Acht. Ba cheart do chustaiméirí iarracht a dhéanamh ar dtús a ngearán a réiteach leis an údarás áitiúil ábhartha trí shásraí athbhreithnithe foirmiúla nó trína nós imeachta inmheánach um ghearáin roimh theagmháil a dhéanamh leis an OPR. Is féidir teacht ar thuilleadh faisnéise ar ár leathanach gearán.[17]

Nuair a bhreithnítear gearán a bheith oiriúnach dár sainchúram reachtúil déanfaimid réamhscrúdú ar na nithe a luaitear. Is é atá i gceist leis seo faisnéis ábhartha a bhailiú, lena n-áirítear ón údarás áitiúil atá i gceist.




[17] https://www.opr.ie/complaints/

Sa chás go seastar le gearán tar éis dúinn na nithe a luaitear a bhreithniú, eiseoimid moltaí don údarás áitiúil chun feabhsuithe a chinntiú ar an mbealach ina seachadann siad a seirbhísí pleanála. Chomh maith leis sin, sa chás nach seastar le gearáin, féadfaimid fós comhairle a chur ar fáil nó dea-chleachtas a chomhroinnt ó údaráis áitiúla eile chun foghlaim chomhroinnte agus feabhsuithe a chothú.

Mar a nótáiltear thuas, bhain 19 gcinn de na gearáin a fuarthas le linn 2022 an tairseach le haghaidh breithniú foirmiúil de réir ár sainchúraim reachtúil.

Tá ár mbreithniú ar dhá cheann de na gearáin seo leanúnach i gcrích, tá torthaí na gcásanna eile mar seo a leanas:

- Gearán amháin ar seasadh leis:
- Réitíodh dhá gearáin le cabhair curtha ar fáil; agus,
- Níor seasadh ceithre ghearáin déag in éadan údaráis áitiúla.




**Fíor 13** | Gearáin OPR 2022

# Treochtaí Láimhseála Cásanna

## Cineál Custaiméara

Baill den phobal ba ea iad líon mór de na custaiméirí a chuir cásanna isteach chuig an OPR in 2022. Chomh maith leis sin, lorg lucht sainleasa trádála, ionadaithe tofa, eagraíochtaí neamhrialtais, grúpaí sainleasa, chomh maith le heagraíochtaí stáit eile go léir cabhair ón OPR le linn 2022. Leagtar amach miondealú na gcustaiméirí de réir cineáil i bhFíor 14.




**Fíor 14** | Custaiméirí OPR 2022

## Miondealú Geografach de réir Údarás Áitiúil

Léirítear an raon geografach cásanna a fuarthas in 2022 i bhFíor 15. Bhí 167 cás gearáin agus aighneachta ann le tagairtí geografacha in 2022.

Tá an figiúr seo níos ísle ná an líon cásanna mar bhain mórán de na cásanna leis an gcóras pleanála go ginearálta, seachas le húdarás áitiúil nó ceantar faoi leith.

De ghnáth gineann údaráis áitiúla ina bhfuil daonra níos mó líon níos mó cásanna. Léirítear na sonraí seo thíos anseo sa mhiondealú geografach ar ghearáin de réir údarás áitiúil, le húdaráis áitiúla amhail Comhairle Cathrach Chorcaí, Comhairle Contae na Gaillimhe, Comhairle Contae Fhine Gall agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag fáil an líon is mó gearán in 2022.

Chomh maith leis sin, is féidir le saincheist faoi leith roinnt cásanna a ghiniúint, amhail aighneachtaí ar phlean forbartha cathrach nó contae faoi leith atá faoi réir athbhreithniú/comhairliúchán poiblí.






| Contae | Iomlán |
|---|---|
| Ceatharlach | 1 |
| An Cabhán | 1 |
| An Clár | 7 |
| Cathair Chorcaí | 14 |
| Contae Chorcaí | 10 |
| Dún na nGall | 4 |
| Cathair Bhaile Átha Cliath | 12 |
| Dún Laoghaire-Ráth an Dúin | 4 |
| Fine Gall | 12 |
| Cathair na Gaillimhe | 4 |
| Contae na Gaillimhe | 13 |
| Ciarraí | 7 |
| Cill Dara | 6 |
| Cill Channaigh | 2 |
| Laois | 2 |
| Liatroim | 0 |
| Luimneach | 11 |
| An Longfort | 1 |
| An Lú | 1 |
| Maigh Eo | 6 |
| An Mhí | 9 |
| Muineachán | 1 |
| Uíbh Fhailí | 1 |
| Ros Comáin | 2 |
| Sligeach | 5 |
| Baile Átha Cliath Theas | 6 |
| Tiobraid Árann | 2 |
| Port Láirge | 5 |
| An Iarmhí | 1 |
| Loch Garman | 4 |
| Cill Mhantáin | 13 |

**Fíor 15** | Miondealú Geografach ar na Gearáin, ar na Ceisteanna agus ar na hAighneachtaí 2022




**Fíor 16** | Cásanna de réir na dTéamaí 2022

## Cásanna de réir na dTéamaí

Agus sinn ag láimhseáil cásanna, déanaimid meas ar an gcomhfhreagras a fhaighimid go cúramach ar mhaithe le téamaí athfhillteacha a aithint agus na saincheisteanna pleanála a bhíonn ina n-ábhair imní don phobal a aithint. Cuirfidh an mhonatóireacht a dhéantar ar an bhfaisnéis seo i gcaitheamh ama bonn eolais faoi thuairisciú an Aire agus, chomh maith leis sin, cuirfidh sí bonn eolais faoinár n-athbhreithnithe, faoinár ngníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna, mar aon lenár gclár taighde.

Cuireann rannpháirtíocht an OPR le baill den phobal maidir le feidhmiú an chórais pleanála léargais luachmhara ar fáil ar a gcuid eispéireas, rud gur féidir leis bonn eolais a chur faoi ghníomhaíochtaí níos leithne, fiú mura mbíonn scrúduithe foirmiúla mar thoradh ar ghearáin aonair.

D'eascair roinnt téamaí soiléire ó na cásanna a láimhseálamar i gcaitheamh na bliana 2022, rud atá le feiceáil i bhFíor 16. Ba iad cásanna a ardaíodh i dtaca le cúrsaí teicniúla, pleananna reachtúla, cúrsaí forfheidhmithe, an Bord Pleanála agus cásanna pleanála aonair na téamaí ba choitianta.

Is tábhachtach a thabhairt faoi deara nach bhfuil sainchúram reachtúil ag an OPR maidir le soláthar comhairle pleanála sonrach, ná nach comhlacht sinn a leagann síos beartais agus go bhfuil cúrsaí a bhaineann le reachtaíocht phleanála faoi chúram an Aire agus an Oireachtais.

Chomh maith leis sin, níl an OPR ábalta fáiltiú roimh aighneachtaí ón bpobal i dtaca le pleananna forbartha nó Pleananna Údaráis Áitiúla, ná meas a dhéanamh orthu. Is é seo ról an údaráis áitiúil, a dhéanann meas ar aighneachtaí a dhéantar mar chuid den phróiseas comhairliúcháin phoiblí. Chuireamar soiléireacht ar fáil dár gcustaiméirí maidir leis seo, agus chuireamar comhairle orthu le cur in iúl gur trí na húdaráis áitiúla an bealach ceart aighneachtaí dá leithéid a dhéanamh.



Bhí **fiosruithe teicniúla** ar an téama ba choitianta sa bhliain 2022. Bhain na fiosruithe seo le léirmhíniú na reachtaíochta nó na rialachán pleanála. Áitíodh iarratais ar chomhairle maidir le forbairtí molta ar leith ina measc.

Tá sé d'aidhm ag an OPR a bheith cabhrach trí threoir ghinearálta a chur ar fáil agus trí chustaiméirí a chur i dtreo na reachtaíochta, na rialachán agus na n-acmhainní pleanála cuí.

Bhí **fiosruithe maidir le cruthú pleananna reachtúla** ar an dara téama ba choitianta sa bhliain 2022. Bhain na fiosruithe seo le pleananna forbartha cathrach/contae agus le LAPanna, agus déileáiltear leo trí phróiseas ann féin faoi Chodanna 31AM-AP den Acht.

Ghin **cúrsaí forfheidhmithe** líon suntasach comhfhreagrais sa bhliain 2022. Bíodh agus gur bhain cuid mhór de na cásanna forfheidhmithe a fuair an OPR le cásanna aonair, agus dá bhrí sin nach raibh siad faoi réir scrúdaithe faoinár sainchúram, aithnítear gur réimse casta dúshlánach atá i gceist le forfheidhmiú forbairt neamhúdaraithe. Déantar an fheidhm forfheidhmithe pleanála a mheas faoi chlár athbhreithnithe an OPR.

Beidh tuilleadh fiosruithe á dhéanamh ag an OPR ar an réimse seo sa bhliain 2023 agus é i gceist feabhsuithe ginearálta gur féidir a dhéanamh sa chóras pleanála a shainaithint.

Bhí gearáin agus comhfhreagras a bhain **leis an mBord Pleanála** mar chuid den mhéadú ar líon na gcásanna a bhí againn sa bhliain 2022. Freagraíonn sé seo d'imní an phobail a d'eascair i dtaca le ABP i gcaitheamh na bliana. Ní fhorálann na forálacha reachtúla an t-údarás don OPR a scrúdú foirmiúil a dhéanamh ar ghearáin a bhaineann leis an mBord Pleanála. Bíodh sin amhlaidh, bíodh agus nárbh fhéidir cásanna aonair a fhiosrú go reachtúil, tugadh faoi athbhreithniú cuimsitheach ar chórais agus ar nósanna imeachta, de réir mar a shonraítear thuas.

Bíodh agus go mbíonn **cásanna pleanála aonair** (.i. tráchtanna nó ábhair imní maidir le hiarratais phleanála ar leith) mar théama coitianta sa chomhfhreagras bhí sé ina sciar i bhfad níos lú de líon iomlán na gcásanna a ardaíodh linn i gcaitheamh na bliana 2022, i gcomparáid le blianta roimhe sin. Is dócha gur toradh é seo ar thuiscint níos fearr i measc an phobail ar an ról agus ar shainchúram na hOifige agus nach eadránaí í i dtaca le cásanna pleanála aonair.

Is tábhachtach go dtéann an pobal agus iarrthóirí pleanála féideartha i ngleic lena n-údaráis áitiúla agus leis an mBord Pleanála, mar is cuí, i dtaca le próiseáil iarratais phleanála. Cuirtear tuilleadh faisnéise maidir leis an bpróiseas iarratais pleanála trí bhileoga eolais pleanála an OPR.




## 3.3 Cás-Staidéir: Gearáin a d'fhiosraigh OPR

Cuireann na cás-staidéir seo a leanas roinnt léargas ar fáil maidir leis an tslí ina láimhseálamar gearáin faoi réir réamhscrúduithe sa bhliain 2022 agus léirítear na cúrsaí a bhfuil an chumhacht reachtúil ag an OPR scrúdú a dhéanamh orthu.

Bíodh agus nach seastar le gach gearán a bhíonn faoi réir réamhscrúdaithe, oibríonn an OPR le húdaráis áitiúla agus le comhlachtaí eile de chuid na hearnála poiblí chun feabhas a chur ar an gcóras pleanála chun a chinntiú go bhfaigheann an custaiméir an tseirbhís is fearr agus is féidir.

Nuair a scrúdaíonn an OPR gearán, oibrímid leis an údarás áitiúil chun an cás a chur ina cheart agus chun aon fhadhbanna a réiteach a luaithe agus is féidir. I roinnt cásanna, bíodh agus go mb'fhéidir nach dtiocfadh fadhb le córais nó le nósanna imeachta chun cinn, d'fhéadfadh an OPR easnamh ar leith sna nósanna imeachta a tharla a aithint agus oibreoimid leis an údarás áitiúil chun easnamh dá leithéid a sheachaint amach anseo.

# Cás-Staidéar 1

## Gearán ar Seasadh leis: Neamhréir maidir le híoc táillí

### Achoimre ar an nGearán

Rinne custaiméir teagmháil leis an OPR maidir le haighneacht a rinne siad le húdarás áitiúil i dtaca le hiarratas pleanála. Líomhain an custaiméir go raibh córas neamhréireach ag an údarás áitiúil i dtaca le táillí a d'íoc custaiméirí a phróiseáil agus aighneachtaí/tuairimí á ndéanamh acu.

Leag an gearánach isteach a dtuairimí maidir le hiarratas ar an lá deireanach den spriocdháta reachtúil. Bunaithe ar thaithí roimhe sin, chreid siad go ndéanfadh ball foirne de chuid an údaráis áitiúil teagmháil leo ina dhiaidh sin chun glacadh leis an táille a bhí de dhíth.

Ach ní dhearna an t-údarás áitiúil teagmháil leis an ngearánach chun íocaíocht a lorg. Nuair a d'fhiosraigh an gearánach an cás leis an údarás áitiúil maidir lena n-aighneacht, cuireadh in iúl dóibh go raibh a n-aighneacht neamhbhailí toisc nach bhfuarthas an táille chuí laistigh den tréimhse reachtúil.

Leag an gearánach an cás isteach chuig an OPR ar an mbonn go ndearna duine eile aighneacht i dtaca leis an iarratas céanna, agus go ndearna ball foirne de chuid an údaráis áitiúil teagmháil leo ina dhiaidh, i ndiaidh an spriocdháta reachtúil, chun glacadh leis an íocaíocht.

### Gníomhartha OPR

Chuaigh Oifig an Rialaitheora Pleanála i ngleic leis an údarás áitiúil chun soiléireacht a fháil maidir leis na córais agus na nósanna imeachta a bhí i bhfeidhm chun aighneachtaí/tuairimí tríú páirtí maidir le hiarratais phleanála a phróiseáil, lenar áiríodh an próiseas i dtaca le híocaíochtaí a bhaineann leis seo a ghlacadh. Rinneamar réamhscrúdú ar an gcás chomh maith.

D'admhaigh an t-údarás áitiúil gur tharla earráidí toisc gur thosaigh siad ag glacadh le híocaíochtaí aighneachtaí leictreonacha le linn Covid agus nach raibh gach ball foirne ar an eolas maidir leis na riachtanais i dtaca leis an spriocdháta reachtúil.

Sheas an OPR leis an ngearán, .i. thacaíomar le héileamh an chustaiméara go raibh nósanna imeachta míréireacha ag an údarás áitiúil agus iad ag glacadh le táillí aighneachta/tuairimí.

### Toradh

Rinne an rialtas áitiúil athbhreithniú ar a nósanna imeachta chun a chinntiú nach nglacfar le táillí lasmuigh den spriocdháta reachtúil. Sa chás go ndéanann baill den phobal teagmháil trí ríomhphost, soiléiríonn an t-údarás áitiúil go bhfuil an fhreagracht orthu a chinntiú go gcuirtear an táille chuí ar fáil lena n-aighneacht. Mhol an OPR go dtabharfadh an t-údarás tús áite d'éascú íocaíochtaí ar líne.

# Cás-Staidéar 2

## Gearán nár seasadh leis: Rochtain a fháil ar chomhaid iarratais pleanála

### Achoimre ar an nGearán

Rinne custaiméir teagmháil leis an OPR maidir le rochtain a fháil ar iarratais phleanála ar líne. Líomhain an gearánach go raibh moill ann don phobal rochtain a fháil ar iarratas pleanála ar leith ar líne. Rinne an gearánach teagmháil leis an údarás áitiúil agus cuireadh in iúl dóibh nach raibh an comhad ar fáil de bharr gur cuireadh ar aghaidh é chun scanadh a dhéanamh air.

Líomhain an custaiméir chomh maith go raibh oifig phoiblí an údaráis áitiúil dúnta le haghaidh tréimhse ó Mhárta 2020 a chur bac ar iniúchadh fisiciúil ar na comhaid iarratais pleanála.

### Gníomhartha OPR

Rinneamar teagmháil leis an údarás áitiúil chun soiléiriú a fháil maidir lena gcórais agus nósanna imeachta chun a chinntiú gur coinníodh rannpháirtíocht an phobail sa phróiseas pleanála i gcaitheamh Covid.

Dhearbhaigh an t-údarás áitiúil gur cuireadh moill ar an iarratas pleanála de bharr fadhb lena gconraitheoir seachtrach a scan a gcomhaid phleanála. Dhearbhaigh siad nár cuireadh an cháipéisíocht ar fáil ar a suíomh gréasáin go dtí seacht lá oibre i ndiaidh don iarratas a bheith curtha isteach.

Chomh maith leis sin mhínigh an t-údarás áitiúil go ndearna siad teagmháil lena gconraitheoir seachtrach agus gur chuir siad bearta i bhfeidhm chun a chinntiú nach dtarlóidh moill dá leithéid arís.

Dhearbhaigh an t-údarás áitiúil gur fhan na hoifigí pleanála ar oscailt don phobal ar bhonn coinní amháin i gcaitheamh shrianta Covid, chun scaradh sóisialta a chumasú, agus gur bogadh baill foirne chuig an limistéar poiblí.

### Toradh

Shoiléirigh an t-údarás áitiúil gur tharla an mhoill ar fhoilsiú an iarratais seo ar líne mar eachtra aonair mar thoradh ar chúinsí eisceachtúla nach rabhthas ag súil leo, rud a cheadaítear faoi na rialacháin pleanála.

Mar aon leis sin, dhearbhaigh an t-údarás áitiúil go raibh a n-oifigí poiblí ar oscailt ag an am ar bhonn coinní amháin. Tá an t-údarás áitiúil tiomanta ardchaighdeán seirbhíse poiblí a chur ar fáil don phobal agus thug siad faoi bhearta chun cosc a chur ar eachtra dá leithéid ag tarlú arís.

# Cás-Staidéar 3

## Gearán nár seasadh leis: Aighneachtaí/tuairimí a dhéantar ar iarratas pleanála

### Achoimre ar an nGearán

Rinne custaiméir teagmháil leis an OPR maidir le haighneacht/tuairimí a rinneadh maidir le hiarratas pleanála. Chuir an gearánach i leith go ndearna comhalta tofa de chomhairle an údaráis áitiúil aighneacht/tuairim scríofa i ndiaidh an spriocdháta reachtúil le haghaidh aighneachtaí/tuairimí.

### Gníomhartha OPR

Bíodh agus gur ardaíodh an gearán i gcomhthéacs iarratas pleanála ar leith, i bhfianaise na riachtanas reachtúil agus rialacháin, rinne an OPR meas foirmiúil ar an gcás.

Rinneamar teagmháil leis an údarás áitiúil chun soiléiriú a lorg maidir lena gcórais agus nósanna imeachta i dtaca le haighneachtaí/tuairimí a phróiseáil laistigh de na tréimhsí reachtúla, lenar áiríodh nósanna imeachta maidir le léirithe ó bhaill tofa a ghlacadh i dtreoir leis na forálacha reachtúla. Lorgaíomar soiléireacht maidir le foilsiú aighneachtaí/tuairimí ar shuíomh gréasáin an údaráis áitiúil chomh maith.

Dhearbhaigh an t-údarás áitiúil go nglactar le léirithe ó bhaill tofa go dtí go ndéantar cinneadh deiridh maidir leis an iarratas pleanála. Chomh maith leis sin dhearbhaigh an t-údarás áitiúil nach meastar go bhfuil an léiriú mar chuid den mheasúnú pleanála agus nach bhfuil ann ach ráiteas tacaíochta/in aghaidh an iarratais.

Mar sin féin, mura gcloíonn an léiriú leis an méid thuas ansin meastar gur aighneacht neamhbhailí í má fhaightear í i ndiaidh na tréimhse comhairliúcháin phoiblí reachtúil.

### Toradh

Shoiléirigh an t-údarás áitiúil a phróiseas maidir le léirithe a fhaightear ó bhaill tofa.

Agus machnamh níos leithne á dhéanamh ar an tsaincheist a ardaíodh, dhearbhaíomar go raibh cleachtas an údaráis áitiúil i dtaca le léirithe de chuid comhaltaí tofa i dtreoir le roinnt de na húdaráis áitiúla eile. Mar aon leis sin, ní sháraíonn an cleachtas atá leagtha amach riachtanais reachtúla/rialacháin.

Sa chomhthéacs seo, agus de bharr go gcuireann an t-údarás áitiúil na nósanna imeachta seo i bhfeidhm go leanúnach, chuireamar stop leis an meas foirmiúil a bhí á dhéanamh againn ar an ngearán áirithe a ardaíodh.

Tá an-suim ag an OPR i gcleachtais na n-údarás áitiúil agus sinn i mbun monatóireachta ar an gcóras pleanála i gcoitinne agus, ar mhaithe le foghlaim idir údaráis a chur chun cinn chomh maith le béim a leagan ar réimsí le feabhas a chur orthu ar fud earnáil phleanála na n-údarás áitiúil, agus dá réir sin choimeádamar taifead den ghearán, le tuilleadh breithnithe a dhéanamh air.

# 4 Oideachas, Oiliúint, Taighde agus Feasacht an Phobail

- Oiliúint le haghaidh Comhaltaí Tofa
- Acmhainní le haghaidh Comhaltaí Tofa
- Oiliúint Foirne na nÚdarás Áitiúil agus na dTionól Réigiúnach
- Foghlaim Earnála agus Straitéis Forbartha
- Uirlis Ghréasáin um Mhapáil Íogaireachta Comhshaoil
- An Grúpa Sonraí Pleanála Náisiúnta
- Aschur Taighde an OPR
- An Clár Taighde um Pleanáil Straitéiseach
- Cláir de chuid Eco Eye
- Sraith Bileog Pleanála
- Ábhar Breise a Cuireadh le Suíomh Gréasáin an OPR



Inis Caorach agus an Cabhsa, Co. na Gaillimhe

## 4.1 Oideachas agus Oiliúint

### Oiliúint le haghaidh Comhaltaí Tofa (Comhairleoirí)

I dtreoir leis na forálacha i gcuid 31Q(1)(a) den Acht, tugann OPR faoi chláir oideachais agus oiliúna le haghaidh comhaltaí tofa de chuid údaráis áitiúla i dtaca lena ról sa phróiseas pleanála. Treisítear é seo i Sprioc 2 de Ráiteas Straitéise an OPR a deir go dtiomáinfidh OPR "nuálaíocht agus foghlaim do gach... páirtí leasmhar sa phróiseas pleanála".

Sa bhliain 2022, agus sinn ag tógáil ar an rath a bhí ar chlár oiliúna pleanála 2021, sheachaid OPR ceithre imeacht oiliúna pleanála le haghaidh comhaltaí tofa i gcomhar le hAontas Rialtas Áitiúil na hÉireann. Glacadh cur chuige hibrideach i dtaca le seachadadh na n-imeachtaí oiliúna seo. Seachadadh trí cinn de na himeachtaí seo ar líne agus seachadadh an ceathrú ceann ar an láthair, ar dhá lá éagsúla i mBaile Átha Luain agus i gCaisleán an Chomair i gCo. Chill Chainnigh.

Chuir clár oiliúna 2022 oiliúint agus eolas cuimsitheach ar fáil do bhaill tofa maidir le hábhair tráthúla ábhartha a bhí ábhartha d'ullmhú plean forbartha agus d'fheidhmeanna pleanála níos leithne na gcomhaltaí tofa.

I gcaitheamh na n-imeachtaí oiliúna, thug sainchainteoirí cuir i láthair ar ardchaighdeán do bhaill tofa maidir leis na topaicí seo a leanas:

#### Feidhmeanna Pleanála agus Infheistiú Seirbhísí Uisce an Rialtais Áitiúil: Cur Chuige Comhordaithe a Chinntiú

**Chuimsigh na cuir i láthair:**

- Bonneagar Seirbhísí Uisce: An Comhthéacs Reachtúil, Beartais agus Maoinithe; agus
- Ról Uisce Éireann sa Phleanáil agus Seachadadh Príomhbhonneagar Seirbhísí Uisce.

#### Do Phlean Forbartha a Chur i gCrích: Príomhchéimeanna agus Príomhriachtanais ó na Treoirlínte don Phlean Forbartha

**Dhírigh na cuir i láthair ar na nithe seo a leanas:**

- Ullmhú Plean Forbartha agus Treoirlínte an Aire le haghaidh Údaráis Phleanála; agus
- Foghlaim ó Mheastóireacht an OPR ar Phleananna Forbartha.

> **"Tá sé an-suimiúil tuairim an rialaitheora agus go deimhin mo chomhghleacaithe a fháil ag an oiliúint inniu, ionas go mbeidh soiléire againn go léir maidir leis an bhfáth a bhfuilimid ag déanamh an phlean forbartha seo agus maidir leis an gcineál todhchaí ar a bhfuilimid go léir ag breathnú."**
>
> **An Comhairleoir Pamela Conroy,** Comhairle Contae Fhine Gall

#### Pleanáil a dhéanann Athbheochan ar Bhailte agus ar Shráidbhailte na hÉireann – Ag Tabhairt Aghaidh ar Fholúntas agus ar Dhearóiliú

**Chuir na hurlabhraithe an méid seo a leanas ar fáil:**

- Léargas ar an bPolasaí um Thús Áite do Lár an Bhaile agus ar Thacú le Tionscadail Seachadta agus Maoinithe; agus
- Sonraí maidir le hAthnuachan Lár an Bhaile – Foghlaim ó na hÚdaráis Áitiúla – Comhairlí Contae Shligigh agus Mhuineacháin.

> **"Is é an tairbhe a bhain mé as an oiliúint inniu ná eolas na ngníomhaireachtaí atá réidh chun bheith rannpháirteach agus tionscadail forbartha i mo cheantar a mhaoiniú. Táim ag súil leis na caidrimh sin a fhorbairt chun sochair don phobal."**
>
> **An Comhairleoir Uruemu Adejinmi,** Comhairle Contae an Longfoirt

### Ról na Pleanála i dtaca le Caighdeán Uisce na hÉireann a Chosaint

**Dhírigh na cuir i láthair ar na nithe seo a leanas:**

- Cosaint Uisce agus Dea-Stádas gach Dobharlach a Chinntiú;
- Treoir an Chreata Uisce, an Plean Bainistithe Abhantrach agus Ról na nÚdarás Áitiúil;
- Bainistiú Uisce i gCeantair Uirbeacha; agus
- Caighdeán Uisce agus an Phleanáil.




**Fíor 17** | Oiliúint na gComhaltaí Tofa 2022 Topaicí



*An Comh. Nicholas Crossan, Uachtarán Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann 2021-22 agus Pauline Riordan, Comhairleoir Pleanála, An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ag imeacht oiliúna Oifig an Rialaitheora Pleanála-Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann, Baile Átha Luain.*

## Acmhainní le haghaidh Comhaltaí Tofa

Agus é á aithint nárbh fhéidir le gach comhalta tofa freastal ar na himeachta 'beo' ar líne nó ar an láthair, cuireadh na cuir i láthair agus na taifeadtaí físe ó gach imeacht oiliúna ar fáil ar shuíomh OPR chun go bhféadfadh comhaltaí tofa rochtain a fháil orthu ionas gur féidir leo an t-eolas a thabhairt chun cuimhne in athuair agus nuashonrú a dhéanamh ar a gcuid eolais maidir le cúrsaí pleanála ábhartha.

Sa bhliain 2022, i ndiaidh do bhaill thofa de Thionól Réigiúnach an Oirthir agus Lár na Tíre, d'ullmhaigh agus thaifead OPR cur i láthair saincheaptha maidir le Próiseas Comhairliúcháin agus Toilithe Cuid 8 le haghaidh Forbairtí de chuid an Údaráis Áitiúil féin. Cuireadh eolas ar fáil maidir leis an gcomhthéacs reachtúil, maidir le nósanna imeachta roimh chuid 8, agus maidir leis an amlíne fhoirmiúil a bhaineann le próiseas Chuid 8. Foilsíodh an taifead físe agus an cur i láthair a bhain leis ar shuíomh gréasáin OPR chun go mbeadh rochtain ag comhaltaí tofa orthu.

## Oiliúint Foirne na nÚdarás Áitiúil agus na dTionól Réigiúnach

I dtreoir leis na forálacha in Alt 31Q(1)(B) den Acht, tá sainordú ar an OPR cláir oideachais agus oiliúna a chur ar bun le haghaidh baill foirne na n-údarás áitiúil nó le na dtionól réigiúnach i dtaca le cúrsaí a mheasann OPR a bheith ábhartha d'fheidhmeanna an údaráis áitiúil nó an tionóil réigiúnaigh, go háirithe i dtaca le pleanáil chuí agus le forbairt inbhuanaithe.

Sa bhliain 2022, sheachaid an OPR trí imeacht oiliúna pleanála ar líne a dearadh go sonrach do bhaill foirne na n-údarás áitiúil agus na dtionól réigiúnach.

Seachadadh an chéad imeacht i mí an Mhárta, i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Sa seimineár gréasáin dar teideal **Cur i bhFeidhm na Socruithe Nua um Fhorbairt Tithíochta ar Scála Mór** díríodh ar:

- Léargas ginearálta ar na socruithe nua um Fhorbairt Tithíochta ar Scála Mór;
- Na socruithe um Fhorbairt Tithíochta ar Scála Mór ó léargas an údaráis pleanála; agus
- Léargais agus ceachtanna a foghlaimíodh ón bPróiseas Forbartha Tithíochta Straitéisí.

Seachadadh an dara himeacht oiliúna le haghaidh baill foirne na n-údarás áitiúil agus na dtionól réigiúnach dar teideal **Cur i bhFeidhm Treoirlínte Nua um Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta Cuid 28** ar líne i mí na Bealtaine agus cuireadh léargas ar fáil ar:

- Threoirlínte um Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta i gcomhair tionóil réigiúnacha agus údaráis phleanála; agus
- Léargais maidir leis an tslí ina bhfuil na treoirlínte á gcur i bhfeidhm ó léargas na n-údarás áitiúil.

Reáchtáladh an tríú himeacht oiliúna le haghaidh baill foirne de chuid na n-údarás áitiúil agus na dtionól réigiúnach dar teideal **Foghlaim ó Athbhreithnithe Oifig an Rialaitheora Pleanála ar Údaráis Áitiúla** i mí Deireadh Fómhair agus díríodh ar:

- Chúlra athbhreithnithe OPR, sonraí an chláir athbhreithnithe, an próiseas athbhreithnithe, an amlíne, tuairisc an athbhreithnithe agus gníomhaíochtaí leantacha i ndiaidh an athbhreithnithe;
- Foghlaim ó athbhreithnithe OPR lena n-áirítear téamaí a thagann aníos go minic, sainaithint dea-chleachtais agus foghlaim roinnte; agus
- Eispéireas údaráis áitiúil maidir le hAthbhreithniú OPR – Eispéireas Chomhairle Contae Thiobraid Árann.

**Chláraigh**

**695**

**an tseimineáir gréasáin oiliúna maidir le Socruithe maidir le Forbairtí Cónaithe Mórscála (LRD)**

**D'fhreastail**

**170**

**comhalta tofa d'údaráis áitiúla ar dhá imeacht oiliúna go pearsanta**

## Foghlaim Earnála agus Straitéis Forbartha

Sa bhliain 2022, chuir OPR obair chun cinn, i gcomhar leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Cathrach agus Contae (CCMA), maidir le Straitéis Foghlama agus Forbartha i gcomhar baill foirne na n-údarás áitiúil agus na dtionól réigiúnach. Bunaíodh grúpa stiúrtha ar a raibh ionadaithe ó Choiste Tithíochta, Tógála agus Úsáide Talún CCMA, ón nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA) agus ón OPR sa bhliain 2021 chun an Straitéis Foghlama agus Forbartha a fhorbairt.

I dtús na bliana 2022, ceapadh comhairleoir um Bhainistíocht Acmhainní Daonna chun cabhrú le stiúradh an ghrúpa i dtaca leis an Straitéis Foghlama agus Forbartha a dhréachtú. Cuireadh an straitéis i gcrích sa bhliain 2022 agus eisíodh é chuig DHLGH agus chuig cathaoirleach Choiste Tithíochta, Tógála agus Úsáide Talún CCMA. Foilseofar an Straitéis Foghlama agus Forbartha i dtús na bliana 2023.

## Uirlis Ghréasáin um Mhapáil Íogaireachta Comhshaoil

Sa bhliain 2021, chuaigh OPR isteach i gcomhaontú comh-mhaoinithe leis an EPA maidir le forbairt agus cothabháil na hUirlise Gréasáin um Mhapáil Íogaireachta Comhshaoil. Sa bhliain 2022, lean OPR ag tacú le foireann na huirlise gréasáin um Mhapáil Íogaireachta Comhshaoil i seachadadh ceardlanna oiliúna maidir le húsáid na huirlise gréasáin chun tacú le measúnú ar an gcomhshaol agus bonn eolais a chur faoi. I mí an Mhárta seachadadh ceardlann le haghaidh baill den phobal a raibh suim acu foghlaim faoi fheidhmiúlacht na huirlise gréasáin agus faoin úsáid is féidir a bhaint aisti san fhíorshaol. Seachadadh ceardlann i mí na Bealtaine le haghaidh ionadaithe comhshaoil Eagraíochtaí Neamhrialtasacha. Ghlac OPR páirt i gcruinnithe de chuid an Choiste Stiúrtha um Mhapáil Íogaireachta Comhshaoil i mí an Mheithimh agus i mí na Nollag.

## 4.2 Taighde

### An Grúpa Sonraí Pleanála Náisiúnta

Foráiltear in Alt 31Q(1) den Acht, gur ceann de phríomhfheidhmeanna an OPR ná cláir oideachais agus oiliúna a chur ar bun le haghaidh comhaltaí na n-údarás áitiúil agus na dtionól réigiúnach agus le haghaidh baill foirne na n-údarás áitiúil nó na dtionól réigiúnach. Foráiltear in Alt 31Q(2) den Acht go ndéanfaidh an OPR taighde maidir le cúrsaí a bhaineann lena bhfeidhmeanna mar aon le cúrsaí eile a iarrann an tAire orthu.

Faoi Chuid 31Q(3), chumasaigh an tAcht OPR le tabhairt faoi shocruithe le haon duine nó le haon ghníomhaireacht a mheasann an OPR go bhfuil na cáilíochtaí cuí acu tabhairt faoina ngníomhaíochtaí taighde, oideachais agus oiliúna.

Ar mhaithe le heolas a chur ar an taighde atá ann cheana, agus chun na riachtanais eolais, oiliúna agus feasachta poiblí is oiriúnaí do na páirtithe leasmhara éagsúla a bhfuil baint acu leis an bpróiseas pleanála a chinneadh, bhunaigh OPR an Grúpa Sonraí Pleanála Náisiúnta i ndeireadh na bliana 2019.

Feidhmíonn an Grúpa Sonraí Pleanála Náisiúnta mar choiste comhairleach le haghaidh an OPR maidir le staid reatha an bhonn eolais maidir le cúrsaí pleanála práinneacha agus straitéiseacha agus maidir le bearnaí ar gá aghaidh a thabhairt orthu i gcomhar leis na páirtithe leasmhara. Cuireann an OPR rúnaíocht ar fáil don ghrúpa.

Áirítear sa Ghrúpa Sonraí Pleanála Náisiúnta ionadaíocht ar son earnálacha an ardoideachais agus an taighde, ar son eagraíochtaí rialtasacha agus neamhrialtasacha, an phobail ghnó, rialtais áitiúil, na hearnála comhshaoil agus institiúidí pleanála a dhéanann ionadaíocht ar phleanálaithe gairmiúla atá gafa le hobair sna hearnálacha poiblí agus príobháideach araon. Chruinnigh an grúpa trí huaire sa bhliain 2022.

### Aschur Taighde an OPR

Sa bhliain 2022, i dtreoir le Creat Taighde Pleanála an OPR agus leis an gClár Taighde Pleanála Straitéisí (2020-2022) a bhaineann leis, rinneadh dul chun cinn le hobair ar roinnt tionscadail taighde sna snáitheanna seo a leanas:



# Snáithe a hAon

## Tionscadail Saincheisteanna Pleanála

Faoi Shnáithe a hAon (Saincheisteanna Pleanála) den Chlár Taighde, foilsíodh Páipéar Cás-Staidéir CSP05 'Gníomhú ar Son na hAeráide agus Plean Forbartha an Údaráis Áitiúil' i Márta na bliana 2022. Cuireann an páipéar cás-staidéir léargais ar fáil ar dhúshláin a mbíonn taithí ag údaráis áitiúla orthu agus maolú aeráide á chuimsiú acu ina bpleananna forbartha agus leagtar béim ar ghnéithe eiseamláireacha de phleananna forbartha atá ann cheana a chuimsíonn bearta maolaithe timpeallachta.

Thug an Fhoireann in MaREI, Ionad Taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann um Fhuinneamh, Aeráid agus Muir faoin taighde a chomhordaigh an Institiúid Taighde Comhshaoil ag Coláiste na hOllscoile , Corcaigh, taighde arna mhaoiniú ag an OPR.

Sa bhliain 2022, lean an OPR lena gcomhpháirtíocht taighde leis an Ionad Idirnáisiúnta um Fhorbairt Áitiúil agus Réigiúnach i dtaca leis an tionscadal taighde a théann i ngleic le 'Fiosrú ar Phleanáil, Déanamh Áiteanna agus Comaitéireacht'. Daingníodh tuilleadh urraitheoirí don tionscadal sa bhliain 2022. Tacaíonn OPR, LGMA, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Comhairle Contae an Chláir, Comhairle Contae Chorcaí, Iontaobhas Tomar, an Roinn Bonneagar i dTuaisceart Éireann agus an Roinn Iompair i Maryland SAM leis an tionscadal seo anois. Foilsíodh tuairisc idirthréimhseach Chéim 1, a chuir achoimre ar na torthaí a bhí ag eascairt as Céim 1 den tionscadal taighde ar fáil, ag deireadh R2 agus dáileadh é ar an nGrúpa Comhpháirtíochta Oibríochta. Cuireadh tús le Céim 2 den tionscadal taighde i R3 agus leanfaidh an chéim seo go dtí Bealtaine na bliana 2023. Suíonn an OPR ar an nGrúpa Comhpháirtíochta Oibríochta don tionscadal. Is tionscadal 24 mí atá ann agus táthar ag súil agus go dtiocfaidh deireadh leis i R2 2023.

Sa bhliain 2022, ghlac an OPR páirt i roinnt cruinnithe de chuid an choiste stiúrtha:

- I gcaitheamh na bliana 2022, ghlac an OPR páirt i gcruinnithe de chuid choiste stiúrtha an tionscadail taighde comh-mhaoinithe EPA-DAFM (An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara) maidir le léargas difriúil a chruthú ar an tírdhreach mar phríomhthopaic timpeallachta trí fhorbairt uirlisí úsáide um mheasúnú carachtar an tírdhreacha is féidir a úsáid mar uirlis tacaíochta do chinntí maidir le pleanáil úsáid na talún agus bainistíocht chomhshaoil. Sa bhliain 2022, dhírigh an fhoireann tionscadail ar na huirlisí úsáide a fhorbairt, agus thug siad faoi roinnt trialacha píolótacha i dtrí réimse staidéir roghnaithe. Tuairisceofar torthaí na céime píolótaí ag an gcéad chruinniú iomlán eile de chuid an choiste stiúrtha i dtús na bliana 2023.
- Sa bhliain 2021, chuir an EPA tús le hullmhú Thuairisc Mheasúnaithe cúig bliana a bheidh dírithe ar thuiscint a fhorbairt ar an athrú aeráide agus ar na roghanna atá ann i dtaca le dul i ngleic le tionchair an athraithe aeráide. Tá ceithre imleabhar i gceist leis an Tuairisc Mheasúnaithe cúig bliana. Suíonn an OPR ar an gcoiste stiúrtha i gcomhair imleabhar 2 – Neodracht Aeráide a bhaint amach faoin mBliain 2050. I Márta na bliana 2022 chuir an OPR tráchtaireacht scríofa ar fáil maidir le 'dréacht gan ord' imleabhar 2 na Tuairisce Measúnaithe cúig bliana. Rinne an OPR agus an coiste stiúrtha iomlán athbhreithniú ar an 'dréacht céad oird' i nDeireadh Fómhair na bliana 2022. D'fhreastail an OPR ar cheardlann de chuid an choiste stiúrtha i mí na Nollag 2022 chomh maith. Táthar ag súil agus go bhfoilseofar ceithre imleabhar na Tuairisce Measúnaithe cúig bliana i lár na bliana 2023.

Ar deireadh, i dtreoir leis an gClár Taighde Pleanála Straitéisí, rinne an OPR dul chun cinn le hobair ar thionscadal taighde gníomhachtaithe láithreáin athfhorbraíochta sa bhliain 2022. Dréachtaíodh páipéar coincheapa agus roinneadh é le páirtithe leasmhara sa Ghníomhaireacht Tithíochta, sa Ghníomhaireacht Forbartha Talún agus sa Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Leanfar leis an obair ar an tionscadal seo sa bhliain 2023.

# Snáithe a Dó

## Feidhmíocht Pleanála

In Aibreán na Bliana 2022, d'fhoilsigh an OPR Páipéar Cás-Staidéir CSP06 Próiseáil Iarratas Pleanála: Anailís ar Phróisis Bhailíochtaithe na nÚdarás Pleanála. Fiosraíonn an páipéar cás-staidéir seo an tslí ina ndéanann údaráis áitiúla bailíochtú ar iarratais phleanála. Tá sé d'aidhm ag an bpáipéar cás-staidéir seo foghlaim agus dea-chleachtais a roinnt agus smaointeoireacht a spreagadh maidir leis an tslí ar féidir staid a bhaint amach ina mbeadh formhór na n-iarratas pleanála a leagtar isteach bailí nuair a fhaightear iad.

I gcaitheamh na bliana 2022, lean Oifig an Rialaitheora Pleanála ag obair leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil maidir leis an tionscadal taighde comh-mhaoinithe a dhéileálann le Rannpháirtíocht an Phobail agus Critéir Feidhmíochta sa Mheasúnacht Straitéiseach Timpeallachta: An tSlí Chun Cinn i dtaca le Cleachtas a Chur Chun Cinn nó an Tionscadal SEAWAY. Is é mórsprioc an tionscadail ná rannphháirtíocht an phobail i SEA in Éirinn a fheabhsú agus creat measúnachta feidhmíochta SEA téagartha agus príomhtháscairí feidhmíochta a bhaineann leis a chur ar fáil chun seiceálacha feidhmíochta a éascú le linn measúnaithe. Chuir an fhoireann tionscadail tús lena gcuid oibre go foirmiúil i Márta na bliana 2022. Tá sé socraithe go dtosófar ar an gcás-staidéar píolótach i dtús 2023. Tá an tionscadal le cur i gcrích i R1 2024.

Sa bhliain 2022, choimisiúnaigh an OPR píosa taighde maidir le gnéithe praiticiúla d'fheidhmiú próiseas Chuid 8. Tá súil ag an OPR go bhféadfaí páipéar cás-staidéir nó nóta cleachtais a fhorbairt amach anseo ag eascairt ón obair seo i ndiaidh fhoilsiú na reachtaíochta pleanála agus forbartha nua.

# Snáithe a Trí

## Cleachtas Pleanála

Sa bhliain 2022, d'ullmhaigh agus d'fhoilsigh an OPR Nóta Cleachtais Coinníollacha Pleanála atá ar an tríú ceann i sraith nótaí cleachtais de chuid an OPR. Déileálann an nóta cleachtais seo le coinníollacha pleanála agus cuireann sé eolas agus treoir ar fáil d'údaráis áitiúla maidir le conas coinníollacha pleanála caighdeánacha a dhréachtú agus maidir leis na cúiseanna le coinníollacha a cheangal le bronnadh cead pleanála. Tá seicliosta do chleachtóirí ann; coimre staitisticí coinníollacha pleanála; sampla d'fhógra comhairle breise a d'fhéadfaí a thabhairt le bronnadh deiridh ceada; agus léargas ar chásdlí ábhartha.

Sa bhliain 2022, nuashonraigh an OPR Nótaí Cleachtais PN01 (Scagadh Measúnachta Cuí le haghaidh Bainistíocht Forbartha) agus PN02 (Scagadh Measúnachta Tionchair Timpeallachta) chun leasuithe ar an reachtaíocht a bhaineann le hAlt 42 (síneadh tréimhse) a chur san áireamh. Foilsíodh na nótaí cleachtais nuashonraithe ar shuíomh idirlín an OPR.

### An Clár Taighde um Pleanáil Straitéiseach (2023-2025)

I R4 na bliana 2022, i ndiaidh dul i ngleic leis an nGrúpa Sonraí Pleanála Náisiúnta agus le príomhpháirtithe leasmhara eile, chuir an OPR Clár Taighde nua um Pleanáil Straitéiseach le haghaidh na tréimhse 2023-2025 i gcrích agus d'fhoilsigh siad é, agus chuir siad tús le hobair ar sholáthar comhairleoirí chun cabhrú le roinnt de na tionscadail taighde a mholtar sa chlár nua.

## 4.3 Feasacht an Phobail

### Cláir de chuid Eco Eye

Craoladh trí chlár den tsraith mhóréilimh RTÉ, Eco Eye, arna léiriú ag Earth Horizon Productions Ltd le hurraíocht ón OPR, ar theilifís RTÉ 1 i mí Eanáir/Feabhra 2022. Chuimsigh na cláir saincheisteanna lena n-áirítear tús áite do lár an bhaile, dearóiliú agus deisiú na sraoilleála. Sháraigh na rátaí lucht féachana an líon a rabhthas ag súil leis sna trí chlár agus bhí lucht féachana iomlán 942,800 ann idir na trí chlár. De bharr athrú múnla maoinithe na léiritheoirí, ní raibh an OPR ábalta leanúint ag maoiniú tuilleadh cláir Eco Eye sa bhliain 2022. Lean an OPR ag dul i ngleic leis na léiritheoirí i dtaca le cur chun cinn na pleanála spásúlachta inbhuanaithe sa tsraith nua a chraolfar sa bhliain 2023.

### Sraith Bileog Pleanála

Sa bhliain 2021, d'fhoilsigh an OPR i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta an tsraith bileog pleanála ar líne a bhfuil 15 bhileog eolais inti a dhéileálann le raon leathan saincheisteanna pleanála. I dtreoir le tiomantas an OPR athbhreithniú agus nuashonrú rialta a dhéanamh ar na bileoga eolais pleanála, rinne foireann theicniúil an OPR athbhreithniú ar gach ceann de na 15 bhileog eolais i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta sa bhliain 2022. Foilsíodh na bileoga nuashonraithe (leaganacha Béarla agus Gaeilge) ar shuíomhanna gréasáin an OPR agus na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta araon.

### Ábhar Breise a Cuireadh le Suíomh Gréasáin an OPR

Cuireadh roinnt ábhar nua le suíomh idirlín an OPR sa bhliain 2022 chun rochtain ar an eolas maidir leis an bpróiseas pleanála a éascú. I measc na n-ábhar breise áirítear:

- Leathanach tiomnaithe Fheasacht an Phobail a cuireadh le suíomh gréasáin an OPR chun rochtain éasca ar gach cuid den ábhar atá foilsithe ag foireann Taighde, Oiliúna agus Feasacht an Phobail de chuid an OPR ó bunaíodh í a chur ar fáil.



*An tAiltire John Dobbin le Láithreoir Eco-Eye, an Dr Laura Dungan, sa chlár Eco-Eye, Dlús Níos Airde vs Sraoilleáil Uirbeach, a craoladh i mí Feabhra, 2022.*




*Tá Eoin Burke, Pleanálaí Sinsearach, Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas le feiceáil i bhfíseán 'A Bheith i do Phleanálaí'.*

**"Nach mór an trua nár thugamar pleanálaí chun ár scoile a labhródh mar a labhair Eoin, d'fhéadfainn a bheith anseo ní ba luaithe!"**

**Tara Skakie,**
Pleanálaí,
Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

- Cruthaíodh leathanach nua Tús Eolais ar an bPleanáil chomh maith a óstálann meascán ábhair a bhfuil d'aidhm aige cabhrú le daoine a thugann cuairt ar an leathanach chun tuiscint a fháil ar an ról tábhachtach a bhíonn ag an bpleanáil inár sochaí agus an tslí ina n-oibríonn an córas.
- Seoladh feidhm nua 'Féilire na nImeachtaí' laistigh de leathanach oiliúna shuíomh gréasáin an OPR. Cuireann sé seo rochtain éasca ar eolas ar fáil maidir le himeachtaí oiliúna atá le teacht agus nuashonrófar é go rialta.
- Cuireadh an leathanach gréasáin A Bheith i do Phleanálaí leis an leathanach 'Feasacht an Phobail' ar an suíomh. Laistigh den leathanach seo, is féidir rochtain a fháil ar eolas maidir le hobair na bpleanálaithe mar aon le sonraí maidir le cúrsaí pleanála tríú leibhéal éagsúla atá ar fáil ar fud oileán na hÉireann. Tá taifeadtaí d'agallaimh le pleanálaithe baile a bhfuil taithí acu ar fáil chomh maith a chuireann léargas ar fáil ar na deiseanna ilchineálacha atá ann le haghaidh pleanálaithe a bhíonn ag obair in údaráis áitiúla, i dtionóil réigiúnacha, i gcomhlachtaí stáit, srl.
- D'fhoilsigh an OPR acmhainn nua ar líne chomh maith dar teideal An Próiseas Pleanála a chuireann rochtain éasca ar fáil ar eolas maidir le trí phríomhchéim an phróisis iarratais pleanála. Tá an acmhainn nua suite laistigh de rannóg 'Feasacht an Phobail' de shuíomh gréasáin an OPR agus tá físeáin mínithe beochana, sreabhchairteacha, naisc chuig acmhainní ar líne na n-údarás pleanála agus bileoga eolais pleanála ábhartha ann. Dearadh an acmhainn agus forbraíodh í chun cabhrú le daoine a bhíonn ag súil iarratas a dhéanamh ar chead pleanála a mbealach a dhéanamh tríd an bpróiseas iarratais pleanála. Is príomhfheidhm de chuid an OPR é tuiscint an phobail maidir leis an bpróiseas pleanála a mhéadú agus cuireann an acmhainn nua seo le feasacht agus le tuiscint an phobail maidir leis an bpleanáil.

# 5 Gnóthaí Corparáideacha

- Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit
- Straitéis agus Córais TFC
- Sláinte agus Sábháilteacht
- Cothromaíocht na hEarnála Poiblí agus Dualgas maidir le Cearta an Duine
- Ráitis Airgeadais



Binn Ghulbain, Co. Shligigh

## 5.1 Rialachas

Bunaíodh an OPR mar chomhlacht reachtúil neamhspleách. Agus a cuid feidhmeanna á chleachtadh aici tá Oifig an Rialaitheora Pleanála go huile agus go hiomlán neamhspleách agus tá sí freagrach don Oireachtas agus don Aire mar eagraíocht a mhaoinítear go poiblí. De réir mar a leagtar síos san Acht, is struchtúr sealbhóir oifige atá i gceist le struchtúr rialachais an OPR seachas struchtúr boird neamhfheidhmiúcháin, agus déanann feidhmeannach na heagraíochta riarachán ar a feidhmiúlacht ó lá go lá.

### Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin (EMT)

Bíonn an Rialaitheoir Pleanála agus ceithre stiúrthóir, a bhfuil duine acu mar Rialaitheoir Pleanála Tánaisteach, ar an EMT agus cruinníonn siad go rialta faoi chlár seasta. Cuireann na cruinnithe fóram ar fáil le haghaidh athbhreithniú straitéiseach agus oibríochtúil rialta ar fheidhmiú na heagraíochta, lena n-áirítear measúnú riosca, bainistíocht airgeadais, faomhadh polasaithe agus bainistiú acmhainní.

### Cothromaíocht Inscne ar an EMT

De réir mar a bhí ar an 31ú Nollaig 2022, bhí beirt bhan (50%) agus beirt fhear (50%) mar bhaill den Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin.

Mar sin comhlíonann an EMT sprioc an Rialtais i dtaobh íosmhéid 40% ionadaíochta le haghaidh gach inscne le haghaidh ballraíocht Ceannaireachta Comhlachtaí Stáit.

Tá cultúr nua a bhfuil luachanna á thiomáint á thógáil ag an OPR, rud a bheidh ríthábhachtach i dtaobh cothromaíocht inscne a chaomhnú agus tacú leis an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin agus cothromaíocht inscne, éagsúlacht agus ionchuimsiú a chur chun cinn ina gcuid oibríochtaí.

### An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Rioscaí

De bhun Alt 31N den Acht is struchtúr rialachais corparáide aonair/sealbhóir oifige atá ag an OPR. Bíodh agus nach bhfuil an OPR faoi shainordú coistí a bhunú a fheidhmíonn go caighdeánach mar choistí chuig boird neamhfheidhmiúcháin, ar mhaithe le trédhearcacht agus freagracht agus ar mhaithe leis an dea-chleachtas a leanúint, bhunaigh an OPR Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Rioscaí i de réir treorach a cuireadh ar fáil laistigh den Chód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit. Is é ról an Choiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Rioscaí ná tacú leis an Rialaitheoir Pleanála i dtaca lena fhreagrachtaí i dtaobh saincheisteanna a bhaineann le rialúcháin bainteacha, rialachas corparáideach agus árachas bainteach. Chruinnigh an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Rioscaí ceithre huaire sa bhliain 2022.




*Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin: Caren Gallagher, Stiúrthóir Taighde, Oiliúna agus Fheasacht an Phobail; Gary Ryan, Stiúrthóir Athbhreithnithe ar Phleanáil; Niall Cussen, Rialaitheoir Pleanála; Joanna McBride, Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha; Anne Marie O'Connor, Rialaitheoir Pleanála Tánaisteach agus Stiúrthóir Measúnuithe ar Phleananna.*

**Tábla 6** | Sceideal na gCruinnithe a reáchtáil An Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Rioscaí i gcaitheamh na bliana 2022

| Tinreamh | Dátaí na gCruinnithe | | | |
|---|---|---|---|---|
| | 23 Feabh 22 | 15 Meith 22 | 18 D.Fomh 22 | 7 Noll 22 |
| Lorraine O'Donoghue | ✔ | ✖ | ✔ | ✔ |
| Pat Macken | ✖ | ✔ | N/A | N/A |
| Breda Coss | ✔ | ✔ | ✔ | ✖ |
| Paula Nyland | N/A | N/A | N/A | ✔ |
| Joanna McBride | ✔ | ✔ | ✔ | ✔ |
| Enda Torsney | N/A | N/A | ✔ | ✔ |
| Gary Ryan | ✔ | ✔ | N/A | N/A |

Is iad seo a leanas Comhaltaí an Choiste:

### Comhaltaí Seachtracha:

**Lorraine O'Donoghue**
Cathaoirleach
*(ó Lúnasa 2022)*

**Pat Macken**
Cathaoirleach
*(go dtí Iúil 2022)*

**Breda Coss**

**Paula Nyland**
*(ó Dheireadh Fómhair 2022)*

### Comhaltaí Feidhmiúcháin:

**Joanna McBride**
Stiúrthóir na Seirbhísí Corparáideacha,

**Gary Ryan**
Stiúrthóir Athbhreithnithe ar Phleanáil
*(go dtí Iúil 2022)*

**Enda Torsney**
Stiúrthóir Cúnta, Seirbhísí Corparáideacha
*(ó Lúnasa 2022)*

**Valerie Halpin**
Rúnaí an Choiste

## Comhaontú Seachadta Feidhmíochta agus Comhaontú Formhaoirseachta

Ceann de phríomhriachtanais an Chóid Chleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2016, ná gur cheart do Ranna agus do chomhlachtaí faoina scáth comhaontú formhaoirseachta a chur agus comhaontú seachadta feidhmíochta a chur i bhfeidhm ar cheart dóibh a bheith mar chuid lárnach de chreat straitéiseach agus oibiachtúil na gníomhaireachta. Chuige sin, cuireadh comhaontú formhaoirseachta agus comhaontú seachadta feidhmíochta i bhfeidhm idir an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus an OPR sa bhliain 2022. Rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú rialta ar an dá cháipéis.

Chun creat rialachais an OPR a neartú tuilleadh, reáchtáladh cruinnithe idirchaidrimh rialta idir bainistíocht shinsearach DHLGH agus an OPR chun monatóireacht a dhéanamh ar chúrsaí fheidhmíochta agus rialachais agus chun fóram a chur ar fáil le haghaidh plé rialta maidir le cúrsaí a mbíonn tionchar acu ar fheidhmeanna reachtúla an dá eagraíocht.

## Bainistíocht Riosca

Tá an bhainistíocht riosca mar cheann de na príomhriachtanais chun dea-rialachas corparáideach agus freagrúlacht eagraíochtúil shofhreagrúil do rioscaí a chinntiú.

Tá an fhreagracht iomlán ar an EMT, lena n-áirítear an príomhoifigeach rioscaí agus an Coiste Airgeadais Iniúchóireachta agus Rioscaí maidir le formhaoirseacht a dhéanamh ar bhainistíocht riosca laistigh den eagraíocht agus inghlacthacht riosca na heagraíochta a chinneadh, agus athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an gclár rioscaí i gcaitheamh na bliana.

Feidhmíonn an OPR faoi chreat bainistithe rioscaí cuimsitheach, lena áirítear ráiteas inghlacthachta riosca, clár rioscaí agus beartas bainistithe rioscaí. Mar chuid den athbhreithniú leanúnach ar an gcreat bainistíochta rioscaí, rinne an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin measúnú ar phríomhrioscaí an OPR, lena n-airítear cur síos ar na rioscaí seo agus ar na bearta maolaithe a bhaineann leo.

## Iniúchóireacht Inmheánach

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí i bhfeidhm le pearsanra a bhfuil oiliúint chuí orthu a feidhmíonn i dtreoir le cairt scríofa. Cuireann anailís ar rioscaí airgeadais a bhfuil an OPR soghonta dóibh bonn eolais faoina cuid oibre agus tá a cuid pleananna iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm go gcuimseodh na pleananna seo príomhrialuithe ar bhonn leanúnach i gcaitheamh tréimhse réasúnta. Rinne Cuntasóirí ASM iniúchóireacht inmheánach an OPR sa bhliain 2022. Mar chuid den iniúchóireacht bhí iniúchóireacht ar chóras rialúcháin inmheánacha an OPR, ar chórais agus slándáil TF, gearáin custaiméirí, rialachas corparáideach agus pleanáil gnó, agus athbhreithniú leantach ar mholtaí na hiniúchóireachta inmheánaí a rinneadh i gcaitheamh na bliana 2021.

## Córas Rialúcháin Inmheánaigh

Cinntíonn an OPR go gcaomhnaítear córas rialúcháin inmheánaigh éifeachtach agus go bhfeidhmítear é i gcónaí. Cuireann obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha bonn eolais faoi mhonatóireacht agus faoi athbhreithniú an OPR ar éifeachtacht an chórais rialúcháin inmheánaigh, tá an Coiste Airgeadais, Iniúchóireachta agus Rioscaí a dhéanann formhaoirseacht ar a gcuid oibre, agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den OPR freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialúcháin inmheánaigh. Rinne an OPR athbhreithniú bliantúil ar na rialúcháin inmheánacha le haghaidh 2022.

## Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit

Ghlac an OPR Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2016, chuige féin agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun comhlíontacht leis an gCód a chinntiú. Bhí an OPR comhlíontach maidir leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit le haghaidh 2021, seachas forálacha an Chóid i dtaca le ról an Bhoird, ról an Chathaoirligh agus ról chomhaltaí an bhoird.

Is amhlaidh an cás de bharr, de réir mar a leagtar síos san Acht, gur struchtúr sealbhóir oifige atá i gceist le struchtúr rialachais an OPR seachas struchtúr boird neamhfheidhmiúcháin. Mar sin, mar aon lena dhualgais mar Bhord a chur i gcrích, comhlíonann an Rialaitheoir Pleanála feidhmeanna feidhmiúcháin chomh maith.



## 5.2 Ag leanúint ar aghaidh le Forbairt na hEagraíochta

I dtreoir le comhairle sláinte poiblí agus le comhairle an rialtais, cuireadh tús le filleadh céimnitheach ar obair oifig-bhunaithe i dtús na bliana 2022. Cuireadh polasaí oibre cumaisc i bhfeidhm a chuireann solúbthacht agus cothromaíocht saol-oibre níos fearr ar fáil do bhaill foirne, agus cinntítear go dtacaítear go hiomlán le cumas an OPR seirbhísí ardchaighdeáin a sheachadadh don phobal agus do pháirtithe leasmhara eile. Forbraíodh an polasaí seo i dtreoir leis an gCreat Beartais Oibre Cumaisc le haghaidh Eagraíochtaí Státseirbhíse agus tacaíonn sé le Straitéis Oibre Cianda Náisiúnta na hÉireann.

### Ár bhFoireann a Thógáil

Tá líon 40 ball foirne lánaimseartha faofa ag an OPR, lena n-áirítear an Rialaitheoir Pleanála. I gcaitheamh na bliana 2022, tugadh faoi roinnt feachtais earcaíochta ar mhaithe le leanúint ag líonadh na bpost seo. Bhí 28 ball foirne ag an OPR ar an 31 Nollaig 2022.

Bhí ceapadh baill foirne bhreise a chuir tús lena róil i dtús na bliana 2023 mar thoradh ar na feachtais earcaíochta i ndeireadh na bliana 2022. D'oibrigh an fhoireann iomlán lena chéile chun timpeallacht fháilteach a chruthú do na hearcaithe nua i gcaitheamh na bliana 2022.

Feidhmíonn an OPR a gcuid earcaíochta faoi cheadúnas a bhronn an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí go príomha, a baineadh amach in Aibreán na bliana 2019. Baineadh úsáid as painéil oscailte trí Sheirbhís na gCeapachán Poiblí chomh maith, nuair ba chuí.

Is státseirbhísigh de chuid an stáit iad baill foirne an OPR agus faigheann siad luach saothair i dtreoir le beartais an Rialtais. Faigheann an Rialaitheoir Pleanála luach saothair ag grád státseirbhíse an Rúnaí Chúnta.

### Ár nÁitreabh

Tá ár gcuid oifigí lonnaithe i dTigh na Páirce, laistigh de champas Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath i nGráinseach Ghormáin, atá mar chuid de Chrios Forbartha Straitéisí an Rialtais le haghaidh athbheochan an cheantair sin.

Cuireann comh-shuíomh an OPR ar champas Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath sineirgí suntasacha ar fáil le réimse inniúlachtaí oideachais, oiliúna agus taighde trína scoil um thimpeallacht thógtha. Tá sineirgí ar fáil chomh maith i dtaca le rochtain éasca agus cost-éifeachtúil ar áiseanna seomraí cruinnithe agus oiliúna.

### Straitéis agus Córais TFC

I gcaitheamh 2022, lean an OPR ag baint leasa as feidhmeanna Build-to-Share (BTS), lena n-áirítear córas bainistithe cáipéisí, a chuir Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais ar fáil. Tá an tsraith feidhmchlár BTS deartha chun comhthacar feidhmchlár a sholáthar do gach comhlacht seirbhíse poiblí, ag baint amach barainneachtaí scála agus caighdeánaithe níos fearr sna próisis. Chomh maith leis sin, rinneadh tuilleadh forbartha ar shuíomh Inlín an OPR i gcaitheamh na bliana 2022 chun an chumarsáid inmheánach a fheabhsú.

I gcomhar le roinn TFC na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, tá an OPR ag cur córas Bainistithe Caidrimh le Custaiméirí nua i bhfeidhm chomh maith leis an ardán a chuir DHLGH ar fáil. Cuirfidh an córas Bainistithe Caidrimh le Custaiméirí le seirbhís custaiméirí, feabhsóidh sé bainistíocht cásanna, agus cabhróidh sé leis an OPR a fheidhmeanna reachtúla a sheachadadh.

Is sampla eile é deo den tslí ina bhfuil seirbhísí build-to-share laistigh den earnáil phoiblí ag seachadadh barainneachtaí scála níos mó i soláthar córais a theastaíonn chun feabhsuithe gnó agus claochlú digiteach a dhéanamh.

Tá an OPR tiomanta cibearshlándáil a chothabháil chun ár sonraí agus ár gcórais a chosaint. Toisc go bhforbraíonn cibearbhagairtí go leanúnach roinntear nótaí treoracha leis an bhfoireann go rialta agus bíonn ar gach ball foirne oiliúint cibearshlándála a dhéanamh ar bhonn bliantúil.

Forbraíodh agus glacadh le straitéis TFC, i gcaitheamh na bliana, a leagann amach cuspóirí agus gníomhaíochtaí le haghaidh feidhm TFC an OPR go dtí 2026. Feidhmeoidh

sé seo mar threoir TFC chun tacú leis an eagraíocht, agus ar deireadh, chun cabhrú na spriocanna i Ráiteas Straitéise an OPR a bhaint amach.

### Beartais agus Nósanna Imeachta

Ó bunaíodh sinn, tá sraith beartas agus nósanna imeachta curtha i bhfeidhm againn a chuireann bunús tábhachtach ar fáil d'fheidhmiú na heagraíochta ó lá go lá. Chomh maith leo seo, chuireamar beartais agus cóid de chuid na Státseirbhíse i bhfeidhm, lena n-áirítear Cóid Caighdeáin agus Iompair na Státseirbhíse agus Dínit san Ionad Oibre. I gcaitheamh na bliana 2022, chun neartú leanúnach rialachais agus bonn feidhmíochta an OPR a chinntiú, leanamar ag déanamh athbhreithniú agus nuashonrú ar bheartais reatha agus ag cur beartais bhreise i bhfeidhm, amhail beartas oibre cumaisc.

### An Cód Iompair agus Coimhlint Leasa

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcloíonn foireann an OPR le forálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus an Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001, nuair is cuí. Chomh maith leis sin feidhmíonn Oifig an Rialaitheora Pleanála faoi Chód Iompair i dtaca le coimhlint leasa a bhainistiú, de bhun fhorálacha Alt 31AL den Acht. Faoin gcód, cláraíonn gach ball foirne den OPR agus an Príomhfheidhmeannach a gcuid leasanna trí dhearbhú.

### Sláinte agus Sábháilteacht

Sa bhliain 2022, chomhlíon an OPR leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 agus Rialacháin (gnáthfheidhmeanna) an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2007.

Lean an OPR orthu a bheith freagrúil de réir mar a d'eisigh an Rialtas treoir nua agus nuashonraithe i gcaitheamh phaindéim Covid.

Rinneadh athbhreithniú ar ár ráiteas sábháilteachta, nuashonraíodh é agus dáileadh é ar gach ball foirne chun freagairt don treoir a raibh athrú ag teacht uirthi. Chomh maith leis sin, go luath sa bhliain 2022, cuireadh tús le filleadh céimnitheach ar thinreamh fisiciúil san ionad oibre. Nuashonraíodh Plean Freagartha Covid an OPR bunaithe ar Phrótacal Idirthréimhseach an Rialtais a tharraing ó thobar na gceachtanna a foghlaimíodh go dtí sin, agus ón gcomhairle sláinte poiblí is déanaí.

I gcaitheamh na bliana 2022, cuireadh Beartas Oibre Cumaisc an OPR i bhfeidhm, i ndiaidh foilsiú Chreat Polasaí na hOibre Cumaisc i gcomhair na Státseirbhíse.

Rinneadh oiliúint sláinte agus sábháilteachta leantach i gcaitheamh na bliana, agus róil breise garchabhrach agus maor dóiteáin á gceapadh chun a chinntiú go raibh go leor de na róil thiomnaithe seo i bhfeidhm chun freastal ar an leagan amach oibre cumaisc nua.

### Saoráil Faisnéise (SF) agus Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol

Is comhlacht poiblí é an OPR i dtaobh cúrsaí a bhaineann leis an Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014. Mar aon le forálacha na reachtaíochta SF, d'fhéadfaí faisnéis ar an gcomhshaol a lorg ón OPR faoi na Rialacháin um Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol, 2007-2018.

Cuirtear sonraí maidir le gníomhaíochtaí sa bhliain 2022 ar fáil thíos agus tá siad ar fáil ar shuíomh gréasáin an OPR chomh maith.[18, 19]

---

18 https://www.opr.ie/freedom-of-information/

19 https://www.opr.ie/access-to-information-on-the-environment/

**Tábla 7** | Flarratais SF/Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol 2022

| | FOI | AIE |
|---|---|---|
| Bronnta | 1 | 0 |
| Bronnta i bpáirt | 10 | 1 |
| tarraingthe siar | 4 | 0 |
| aistrithe | 0 | 0 |
| diúltaithe | 3 | 1 |
| **Iomlán** | **18** | **2** |

## Cosaint Sonraí agus an Rialachán Ginearálta maidir le Cosanta Sonraí

Tá an OPR tiomanta cearta agus príobháideachas daoine aonair a chosaint i dtreoir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosanta Sonraí (RGCS), a chuaigh i bhfeidhm i mí Bealtaine na bliana 2018, agus leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988, 2003 agus 2018.

De réir mar a éilítear sa rialachán, tá Oifigeach Cosanta Sonraí tiomanta ag an OPR. Déanann an tOifigeach Cosanta Sonraí athbhreithniú rialta ar na beartais um Chosaint Sonraí agus um Príobháideachas Sonraí. Cuireadh oiliúint ar fáil do bhaill foirne maidir le cosaint sonraí i gcaitheamh na bliana. Sa bhliain 2022 ní bhfuair an OPR aon iarratas ar shonraí pearsanta agus ní raibh aon chás i dtaca le sárú sonraí pearsanta.

## An Ghaeilge

Achtaíodh píosa reachtaíochta nua, Acht (Leasú) na dTeangacha Oifigiúla, 2021 ar an 22 Nollaig 2021. Is nuashonrú agus neartú de chuid Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 atá i gceist leis an reachtaíocht nua agus tugann sé isteach caighdeáin teanga le haghaidh comhlachtaí poiblí chun ionadaíocht a dhéanamh ar an gcóras scéimeanna teanga reatha.

Tá na forálacha nua á gcur i bhfeidhm thar thréimhse ama agus comhlíonfaidh an OPR a chuid dualgais faoin Acht de réir mar a thagann siad aníos, ar nós na forála fógraíochta ar cuireadh tús léi i gcaitheamh na bliana 2022 a d'éiligh ar gach comhlacht poiblí ar a laghad 20% dá gcuid fógraíochta in aghaidh na bliana a dhéanamh i nGaeilge agus 5% dá gcuid fógraíochta a dhéanamh sna meáin Ghaeilge.

Ar mhaithe le teagmháil leanúnach a éascú i dtaca le bearta a bhaineann leis an reachtaíocht nua, i Meitheamh na bliana 2022, bhunaíomar seoladh ríomhphoist ar leith chun comhfhreagras maidir leis an ábhar seo a fháil agus a sheoladh ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Chomh maith leis sin, i gcaitheamh na bliana 2022, d'fhreastail an OPR ar sheimineár gréasáin faisnéise a d'eagraigh an Roinn seo chun comhairle a chur ar chomhlachtaí poiblí faoina gcuid dualgas nua faoin Acht. Dáileadh na cuir i láthair ón imeacht ar an bhfoireann.

Ar mhaithe le cloí leis na dualgais a ndéantar breac-chuntas orthu in Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021, tá aistritheoirí seachtracha curtha ar conradh ag an OPR chun a chinntiú go n-aistrítear agus go bhfoilsítear aon cháipéisíocht ábhartha, mar aon le roinnt den eolas ar ár suíomh gréasáin go tráthúil. I gcaitheamh na bliana 2022, rinneadh athbhreithniú ar an suíomh gréasáin chun a chinntiú gur aistríodh gach eolas ábhartha a postáladh le déanaí go Gaeilge agus gur foilsíodh é.

Tá leagan dátheangach ar ainm, lógó, stáiseanóireacht agus sínithe ríomhphoist an OPR agus foilsítear gach foilseachán ábhartha amhail an Tuarascáil Bhliantúil agus an Ráiteas Straitéise go dátheangach chomh maith.

Cloíonn an OPR lena fhreagrachtaí reachtúla faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2021 chomh maith, i dtaca le soláthar seirbhísí i nGaeilge agus ainmníodh ball foirne ar leith chun déileáil le haon cheisteanna ó bhéal a fhaightear i nGaeilge. Chuige seo, áirítear eolas ar an nGaeilge mar chritéar tábhachtach inár bhfeachtais earcaíochta.

## Cothromaíocht na hEarnála Poiblí agus Dualgas maidir le Cearta an Duine

Cuireann Alt 42 den Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 dualgas reachtúil ar chomhlachtaí poiblí agus a bhfeidhmeanna á gcomhlíonadh acu, aird a bheith acu ar an ngá:

- Idirdhealú a dhíchur;
- Comhionannas deiseanna agus córa dá fhoireann agus do na daoine dá soláthraíonn sé seirbhísí a chur chun cinn, agus
- Cearta daonna na mball foirne agus na n-úsáideoirí seirbhísí a chosaint.

Aithníonn an OPR go bhfuil reachtaíocht chomhionannais a chuimsíonn an naoi gcúis seo a leanas mar bhonn faoin dualgas:

- Inscne;
- Stádas sibhialta;
- Stádas teaghlaigh;
- Aois;
- Míchumas;
- Claonadh gnéis;
- Cine;
- Creideamh; agus
- A bheith mar bhall den Lucht Siúil.

I gcaitheamh na bliana 2022, rinne gach ball foirne de chuid Oifig an Rialaitheora Pleanála oiliúint maidir le modúl ríomhfhoghlama Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, dar teideal Comhionannas agus Cearta an Duine sa tSeirbhís Poiblí. Dearadh an modúl seo chun tacú le baill foirne laistigh de chomhlachtaí poiblí agus chun a chur ar a gcumas a ndualgais faoi Dhualgas Comhionannais agus Cearta an Duine na hEarnála Poiblí a thuiscint agus a chomhlíonadh.

Is fostóir comhdheiseanna í Oifig an Rialaitheora Pleanála agus feidhmíonn sí a cuid earcaíochta faoi cheadúnas a bhronn an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí. Bhí gach próiseas earcaíochta a rinneadh i gcaitheamh na bliana 2022 i dtreoir daingean le Cóid Chleachtais an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí.

Tá an OPR tiomanta seirbhísí a chur ar fáil ar shlí inrochtana, mar shampla, trí oifigeach rochtana a cheapadh chun feidhmiú mar phointe teagmhála le haghaidh daoine faoi mhíchumas ar mhaith leo rochtain a fháil ar ár gcuid seirbhísí, trí shuíomh gréasáin inrochtana a chur ar fáil, trí ghnáth-theanga shimplí a úsáid inár gcuid cumarsáide agus trí fhotheidil agus teanga chomharthaíochta a úsáid inár bhfíseáin faisnéise. Chun cabhrú ár suíomh gréasáin a dhéanamh inrochtana, i dtreoir le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Inrochtaineacht Suíomhanna Idirlín agus Feidhmchlár Ghutháin Chomhlachtaí san Earnáil Phoiblí) 2020, rinneadh iniúchóireacht ar inrochtaineacht an tsuímh gréasáin i gcaitheamh na bliana 2022.



Tá an OPR tiomanta dínit agus meas a chosaint san eagraíocht tríd síos agus cuireadh i bhfeidhm an Beartas Dínit san Ionad Oibre, a d'ullmhaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Cuireadh oiliúint ar an bhfoireann ar fad maidir le Dínit san Áit Oibre go luath sa bhliain 2022.

### Nochtuithe Cosanta

Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag an OPR i gcomhair nochtuithe cosanta a dhéanamh, faoi Bheartas Nochtuithe Cosanta, i dtreoir leis an Acht um Nochtadh Cosanta, 2014. San nósanna imeachta seo leagtar amach go sonrach an próiseas inar féidir le fostaí de chuid an OPR nochtadh cosanta a dhéanamh, an méid a tharlóidh nuair a dhéantar an nochtadh agus an méid a dhéanfaidh an OPR chun an nochtadh a chosaint. Tacaíonn an próiseas le tiomantas an OPR i dtaca le suíomh oibre a chothú ina mbraitheann fostaithe compordach ábhair imní a ardú i dtaca le héagóir fhéideartha laistigh den OPR agus na tacaíochtaí riachtanacha a chur ar fáil dóibh siúd a ardaíonn fíor-ábhair imní. Léiríonn an timpeallacht oibre seo croíluachanna an OPR, go háirithe luachanna amhail ionracas, gairmiúlacht, oscailteacht agus trédhearcacht.

Faoi Alt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, tá sé de dhualgas ar an OPR tuairisc a ullmhú agus a fhoilsiú ina sonraítear an líon nochtuithe cosanta a rinneadh i gcaitheamh na bliana roimhe sin agus an gníomh (má bhí gníomh ann) a glacadh mar fhreagra ar na nochtuithe cosanta sin, tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh gach bliain.

De bhun an riachtanais seo, ní bhfuarthas aon nochtadh cosanta sa bhliain 2022 agus leagadh an tuarascáil bhliantúil i dtaca le nochtuithe cosanta isteach chuig ár máthar-roinn agus foilsíodh í ar ár suíomh gréasáin.

Mar ullmhúchán le haghaidh tús an Achta (Leasú) um Nochtadh Cosanta, 2022 sa bhliain 2023, rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar Bheartas agus ar Nósanna Imeachta Nochtuithe Cosanta an OPR. Cuirfear oiliúint maidir le nochtuithe cosanta ar fáil le haghaidh gach ball foirne sa bhliain 2023.

### Úsáid Fuinnimh 2022

Thuairiscigh an OPR chuig Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann i dtaca le tomhaltas fuinnimh, sonraí a bhaineann leis agus taisteal gnó sa bhliain 2022.

Tá forbairt inbhuanaithe agus gníomhú ar son na haeráide i gcroílár ár gcuid feidhmeanna agus tá an OPR tiomanta ár dtionchar ar an timpeallacht a laghdú a mhéid agus is féidir. I gcaitheamh na bliana 2022, ghlac an OPR an Sainordú Ghníomhú ar son na hAeráide, a éilíonn ar chomhlachtaí de chuid na hearnála poiblí ceannaireacht a léiriú i dtaca le gníomhú ar son na haeráide, chuici féin. Is é an digitiú a bhíonn mar chur chuige réamhshocraithe againn seachas próisis pháipéarbhunaithe agus is foirgneamh é oifig an OPR ina bhfáiltítear roimh rothair le haghaidh fostaithe agus cuairteoirí. Cuirfear oiliúint maidir le gníomhú ar son na haeráide agus maidir le hinbhuanaitheacht ar fáil le haghaidh gach ball foirne sa bhliain 2023.

Ghlac an OPR páirt i bhfeachtas éifeachtúlachta fuinnimh an Rialtais 'Laghdaigh d'Úsáid' i gcaitheamh na bliana 2022. Mar thacaíocht dár gclár, d'oibrigh baill foirne a bhí le bheith ag obair idir Nollaig agus an Athbhliain ón mbaile chun tacú le laghdú fuinnimh agus téamh Theach na Páirce.

## 5.3 Faisnéis Airgeadais

Leithdháiltear buiséad an OPR trí Vóta 34 na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil, fo-cheannteideal D.5. Sa bhliain 2022, bhí iomlán €3,760,000 i mbuiséad an OPR. Cabhraíonn comhlacht cuntasóireachta seachtrach, Crowley's DFK leis an OPR i dtaca le bainistiú ár bhfeidhm chuntasaíochta agus i dtaca le hullmhú tuairiscí agus ráitis airgeadais.

Cuireann Banc Danske seirbhísí baincéireachta ar líne an OPR ar fáil.

Ina gcuid feidhmeanna cinntíonn an OPR luach ar airgead agus bainistíocht airgeadais stuama ach cloí Leis an gCód Caiteachais Phoiblí, lena n-áirítear nósanna imeachta Soláthair Phoiblí Náisiúnta agus an AE agus rialacha bainistíochta airgeadais, mar aon le forálacha an Achta de réir mar a leagtar amach iad in Alt 31AG a chinntíonn freagracht agus trédhearcacht.

## Ráitis Airgeadais

Ullmhaítear Ráitis Airgeadais an OPR, lena n-áirítear Ráitis maidir le Rialú Inmheánach agus an Ráiteas Rialúcháin, i dtreoir le FRS102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais cuí sa RA agus in Éirinn a eisíonn an Chomhairle um Tuairisciú Airgeadais, de réir mar a fheidhmíonn Cuntasóirí Cairte Éireann. Bíonn Ráitis Airgeadais an OPR faoi réir iniúchóireachta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus déanfar iniúchóireacht ar chuntais 2022 sa bhliain 2023. Nuair a dhearbhaíonn an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iad, cuirfear na cuntais airgeadais faoi bhráid Thithe an Oireachtais agus foilseofar iad ar shuíomh gréasáin an OPR.

## Dlí Cánach

Chloígh an OPR lena chuid dualgas faoin dlí cánach sa bhliain 2022.

## Soláthar

Tá an OPR tiomanta luach ar airgead a bhaint amach agus na próisis soláthair is éifeachtúla a chur i bhfeidhm. D'fhoilsigh an OPR a Phlean Soláthair Corparáidigh agus nuashonraítear go rialta é.[20]

Mar chomhlacht poiblí, baineann an OPR úsáid as creata agus conarthaí lárnacha a chuir an Oifig Soláthair Rialtais i bhfeidhm agus réimse earraí agus seirbhísí a mbíonn éileamh orthu go comónta á soláthar againn.

Sa chás nach mbíonn creat ná conradh lárnach ar fáil, feidhmíonn an OPR i dtreoir le Treoracha Soláthair an Aontais Eorpaigh (AE). Tá oifigeach soláthair tiomanta ag an OPR a oibríonn leis an bhfoireann chun dea-chleachtas a chur chun cinn ina gcuid gníomhaíochtaí soláthair. Foilsítear tuairisc achoimre i dtaca leis na conarthaí poiblí a bhronnann an OPR a bhfuil luach níos mó ná €25,000 orthu ar bhonn ráithiúil ar shuíomh gréasáin an OPR.

## An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

Comhlíonann an OPR le forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997. Tá nósanna imeachta nua isteach nua tugtha isteach ag Oifig an Rialaitheora Pleanála chun a chinntiú go n-íoctar sonraisc laistigh den teorainn ama reachtúil. Foilsíonn OPR a tuairiscí íocaíochtaí prasa ráithiúla ar a suíomh gréasáin.

## Fiosruithe de chuid Chomhaltaí an Oireachtais

Cuireann Oifig an Rialaitheora Pleanála seoladh ríomhphoist tiomanta, oireachtas@opr.ie ar fáil le haghaidh comhaltaí an Oireachtais a bhfuil eolas á lorg acu maidir le hobair Oifig an Rialaitheora Pleanála.

Fuarthas ceithre fhiosrú ó chomhaltaí de chuid an Oireachtais sa bhliain 2022.



**4** **Fuarthas ceithre fhiosrú ó chomhaltaí de chuid an Oireachtais sa bhliain 2022**

[20] https://publications.opr.ie/view-file/41

Oifig an Rialaitheora Pleanála | Tuarascáil Bhliantúil 2022

# Faisnéis maidir leis an bhFoireann




*Earcaithe in 2023. **Earcaíocht leanúnach



Achadh an Iúir, Co an Chabháin

Oifig an
Rialaitheora Pleanála
Office of the
Planning Regulator

**Oifig an Rialaitheora Pleanála**

Urlár 4 (An Sciathán Thiar),
Teach na Páirce, Gráinseach an Ghormáin,

191-193A An Cuarbhóthar Thuaidh, Baile Átha Cliath 7,
D07 EWV4

opr.ie | info@opr.ie | 01 854 6700